



# An Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2022


**Taighde déanta ag:**

Iompar agus Dearthaí

**Anailís déanta ar thorthaí agus tuarascáil scríofa ag:**

Caroline Copeland agus Mary Walker, Aonad Taighde an Gharda Síochána







# Clár Ábhar

Brollach Achoimre .....	4
Feidhmiúcháin .....	5
<b>1. Réamhrá .....</b>	<b>10</b>
<b>2. Coireacht agus Pobal na hÉireann.....</b>	<b>14</b>
• 2.1 Tuairimí faoin gCoireacht agus Tosaíochtaí Póilíneachta.....	16
• 2.2 Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht .....	19
<b>3. Dearcthaí i leith an Gharda Síochána .....</b>	<b>22</b>
• 3.1 Sásamh agus Iontaoibh as an nGarda Síochána.....	24
• 3.2 Tuairimí faoin nGarda Síochána.....	26
<b>4. Tuairimí faoi Sholáthar Seirbhíse .....</b>	<b>30</b>
• 4.1 Tuairimí faoi Infheictheacht agus Láithreachta an Gharda Síochána.....	32
• 4.2 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine .....	36
<b>5. Roghbhlúire Dhéimeagrafach .....</b>	<b>39</b>
<b>6. Íospartaigh na Coireachta .....</b>	<b>51</b>
<b>7. Sampla Daoine Óga (Daoine 16 agus 17 mbliana d'aois).....</b>	<b>58</b>
Aguisín 1 - Nóta ar Mhodheolaíocht .....	65
Aguisín 2 - Táblaí Breise .....	66
Aguisín 3 - Táblaí Íospartach .....	71
Aguisín 4 - Ceistneoir 2022 .....	72



# Brollach

Ba dheas gur éirigh linn, in 2020, bliain chomórtha céad bliain ar an nGarda Síochána, leanúint le tús a chur arís le hagallóireacht aghaidh ar aghaidh don Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tar éis nár cuireadh ar bun í in 2020 mar gheall ar phaindeim Covid. Chuir leanúint mhodh an tsuirbhé seo ar ár gcumas an acmhainn thábhachtach seo a úsáid arís eile le hathruithe ar dhearcthaí phobal na hÉireann a mheas agus a thomhas. Cuimsítear inár suirbhé ceisteanna a bhaineann le coireacht, póilíneacht agus tuairimí faoin nGarda Síochána, anuas ar dhearcthaí íospartaigh na coireachta faoin tseirbhís a soláthraíodh dóibh. Ceadáíonn na torthaí dúinn limistéir a shainaithint a gceaptar go bhfuilimid ag feidhmiú go maith iontu agus limistéir inar gá feabhsúcháin a dhéanamh agus ar féidir linn cur leo. Eochairuiris atá ann a chuireann eolas ar fáil dár ráiteas straitéise trí bliana ráiteas, agus dár bpleananna póilíneachta bliantúla, a cheadáíonn dúinn acmhainní a dhírú ar an áit a dteastaíonn siad, agus eolas a sholáthar do chinnteoireacht oibríochtúil.

Sampla 7,699 duine fásta 18 mbliana d'aois nó níos sine a bhí i gceist le sampla suirbhé 2022. In ainneoin tréimhse níos giorra oibre allamuigh (Lúnasa-Nollaig 2022), cuireadh dearcthaí 418 íospartach na coireachta i gcuntas. Anuas air sin, rinneadh suirbhé ar 389 duine óg 16 agus 17 mbliana d'aois – gné nárbh fhéidir a dhéanamh in 2021, agus measadh gur thoradh é seo ar cuireadh fáilte mhór roimhe. Meastar gur gné ríthábhachtach den Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail é dearcthaí cohóirt de shochoaí na hÉireann a bhailiú a bhféadfadh gur imir idirghníomhú leis na Gardaí tionchar dearfach orthu, sula mbaineann siad aosacht amach. Beartaítear ó 2023 ar aghaidh gur 1,000 duine a bheidh i gceist le méid an tsampla daoine óga 16 agus 17 mbliana d'aois.

Faoi mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, measadh gur mhó an fhadhb an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil in 2022. Ba iad na coireanna a dtugtar tús áite dóibh ar cheart dúinn díriú orthu, dá bharr, de réir na bhfreagróirí, iad siúd a thugann riosca sochaíoch chun solais, agus bíonn na daoine is leochailí inár bpobail i gceist leo – cionta gnéasacha, drochíde sa teaghlach agus gáinneáil ar dhaoine. Nuair a measadh gurbh fhadhb thromchúiseach an choireacht áitiúil, ba choireanna eile a dtugtar tús áite dóibh cionta drugaí agus ionsaithe. Cuirtear na héifeachtaí díobhálacha san áireamh sna tosaíochtaí seo, gan amhras, atá mar thoradh ar na coireanna siúd a dhéantar

laistigh de phobail, agus limistéir iad a leanann an Garda Síochána ag díriú orthu agus le hacmhainní a infheistiú iontu.

Cé gur lean sásamh leis an tseirbhís a sholáthraímid do phobail áitiúla d'ardleibhéal a bhaint amach, tugadh treocht bheag anuas faoi deara ó 2019 ar aghaidh agus déanfar monatóireacht uirthi i dtorthaí suirbhé 2023. De bhreis air sin, cé go leanaimid ag oibriú chun feabhas a chur ar dhearcthaí i leith infheictheacht agus láithreachta an Gharda Síochána i bpobail, is ísle torthaí ó shuirbhé 2022 ná mar a bhí siad in 2021 agus ní léirítear na hiarrachtaí seo iontu. Fad a dhéanfaimid athdhírú ar an limistéar seo sna blianta amach romhainn, déanfaimid machnamh ar an méid is féidir linn a fhoghlaim ó na leibhéil bhraite láithreachta níos airde a tugadh faoi deara i rith na srianta a bhain le Covid agus sa ghníomhaíocht a bhain leis na Gardaí. Is ard do shásamh i measc *íospartaigh na coireachta* go ginearálta leis an tseirbhís a fuair siad ón nGarda Síochána ach leantar le hiarrachtaí chun feabhas a chur ar an tseirbhís seo, go háirithe maidir le heolas a sholáthar d'íospartaigh.

Ba dhearfach do dhearcthaí maidir le príomhráitis faoi eagraíocht an Gharda Síochána (mar shampla, cairdiúlacht agus cabhracht, éifeachtacht i dtuairimí coireacht a chomhrac agus díriú ar an bpobal), agus b'amhlaidh na dearcthaí i leith an bhealaigh a raibh súil leis ag daoine go gcaithfeadh Gardaí leo i gcás teagmháil riachtanach (i limistéir an mheasa agus na cothroime). Anuas air sin, is tomhas lena mbaineann tábhacht ollmhór é gur leanadh le hiontaoibh ard a bheith as na Gardaí – gné thábhachtach é seo de dhlisteanacht phóilíní a dhéanfaimid dícheall a chothú.

Leantar go fóill le Samhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána a thabhairt isteach ar bhonn náisiúnta. I measc na dtairbhí ionchasacha, tá díriú as an nua agus leanúnach ar phóilíneacht phobail agus soláthar níos éifeachtúla seirbhísí do phobail go háitiúil. De réir mar a bhainimid an ré nua seo de phóilíneacht amach in Éirinn, cuirimid buíochas agus aitheantas in iúl arís eile do mhuintir na hÉireann as a dtacaíocht agus a n-aiseolas – rudaí a cheapaimid atá thar a bheith ríthábhachtach chun ár bhfís do thodhchaí na póilíneachta in Éirinn a mhúnlú agus ár misean, 'Ag Coinneáil Daoine Sábháilte', a bhaint amach.



**Sara Parsons**  
Príomhoifigeach,  
Seirbhís Anailíse an Gharda Síochána.

# Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo na torthaí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2022 de chuid an Gharda Síochána, ina ndearnadh suirbhé ar 7,699 duine fásta (18 mbliana d'aois agus níos sine), agus 389 duine óg (16 agus 17 mbliana d'aois), ar ábhair a bhaineann le coireacht, póilíneacht agus an Garda Síochána. Cuireadh agallóireacht aghaidh ar aghaidh ar bun arís in 2020 don dara bliain i ndiaidh a chéile tar éis nár cuireadh ar bun í in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid. Thug Behaviour and Attitudes faoi obair allamuigh idir Lúnasa agus Nollaig na bliana sin. Cé gur féidir na torthaí a chur i gcomparáid le 2021, agus leis na blianta roimh Covid, ní chuirtear aon torthaí i láthair don bhliain 2020, tráth ar tugadh faoi shuirbhé ar líne.

## Coireacht agus Pobal na hÉireann



### Tuairimí faoin gCoireacht

Táthar faoin tuairim go fóill go bhfuil coireacht náisiúnta ina fadhb níos tromchúisí ná coireacht áitiúil. Cé gur tháinig méadú 3 phointe céatadáin ar dhearcthaí go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' ó 2021, aníos go dtí 73 faoin gcéad, is ísle é seo go fóill ná mar a bhí sé in 2019 (68%). In 2022, lean céatadán na bhfreagróirí a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil (45%) de bheith níos airde ná an céatadán in 2018 agus in 2019 (31% agus 32%, faoi seach).



### Tosaíochtaí Póilíneachta

Rangaigh formhór na bhfreagróirí (91%) 'cionta gnéasacha' mar chionta a dtugtar ardtús áite dóibh i dtaobh na gcoireanna ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu. Tugadh ardtús áite freisin do 'drochíde sa teaghlach' (89%), 'gáinneáil ar dhaoine' (86%) 'ionsaithe' (85%) agus 'airm neamhdhleathacha' (84%). Rinneadh cionta drugaí agus ionsaithe a rangú go hard ina measc siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht áitiúil.



### Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht

Luaigh daichead a naoi faoin gcéad d'fhreagróirí nach mbíonn buairt orthu go ndéanfar íospartach na coireachta díobh féin, agus thug 46 faoin gcéad d'fhreagróirí le fios nach mbíonn buairt orthu go ndéanfar íospartach na coireachta de dhuine a gcónaíonn siad leo. Bhí fiche a cúig faoin gcéad d'fhreagróirí buartha go ndéanfaí íospartach na saghsanna uile coire díobh a cuireadh i láthair mar rogha (díobháil phearsanta, goid nó díobháil réadmhaoine, cibearchoireacht). Tháinig méadú aníos go dtí 30 faoin gcéad ar an bhfigiúr seo nuair a fiafraíodh díobh an raibh siad buartha faoi dhuine a gcónaíonn siad leo. Thug seasca a trí faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go raibh 'eagla ar bith' nó 'fíorbheagán eagla' orthu faoin gcoireacht. Bhí 'eagla éigin' ar fhiche a naoi faoin gcéad agus bhí go leor eagla ar 7 faoin gcéad faoin gcoireacht. Maidir le tromlach na bhfreagróirí (79%), níor imir eagla roimh choireacht tionchar ar a gcaighdeán beatha nó laghdaigh sé an caighdeán beagán. Tugaimid treocht anuas faoi deara go ginearálta, áfach, ó 2018 agus 2019 nuair b'ionann an figiúr seo agus 88 faoin gcéad, faoi seach (81% in 2021).

## Pobal na hÉireann agus a ndearcthaí i leith an Gharda Síochána



### Sásamh as an nGarda Síochána

Bhí tromlach na bhfreagróirí 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla (75%). Tá treocht anuas le sonrú ina thaobh seo ó 2018 agus 2019 - 80 faoin gcéad sa dá bhliain, agus 78 faoin gcéad in 2021. Faoi mar a tugadh faoi deara in iarbhabhtáí suirbhé, de réir mar a tháinig méadú ar dhearcthaí i leith tromchúis choireanna náisiúnta agus áitiúla, tháinig laghdú ar leibhéil sásaimh – is mó a thugtar an gaol seo faoi deara ar leibhéal áitiúil. Ar an gcuma chéanna, comhfhreagraíonn leibhéil mhéadaithe eagla roimh choireacht do laghdú ar leibhéil sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána do phobail áitiúla.



### Iontaoibh as an nGarda Síochána

B'ionann leibhéil (mheánacha-arda) iontaoibhe as an nGarda Síochána in 2022 agus 90 faoin gcéad Níl athrú suntasach tagtha orthu le cúig bliana anuas. Tá gaol ann idir leibhéil arda iontaoibhe agus dearcthaí i leith coireacht náisiúnta agus áitiúil – b'airde an leibhéal ard iontaoibhe nuair a measadh gur 'fadhb ar bith' an choireacht. Ar an gcuma chéanna, de réir mar a tháinig laghdú ar leibhéil eagla roimh choireacht, tháinig méadú ar leibhéil 'iontaoibh ard' (36% dóibh siúd ar a raibh 'go leor eagla' faoin gcoireacht, agus 51% dóibh siúd ar a raibh 'eagla ar bith').



### Tuairimí faoin nGarda Síochána

Mar a bhí i gceist in 2021, d'aontaigh tromlach na bhfreagróirí le sé phríomhráiteas a bhain le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht; agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Garda Síochána nua-aimseartha agus céimnitheach, dírithe ar chearta daonna agus dea-bhainistithe. Tá laghduithe beaga tagtha ar leibhéil chomhaontaithe ó 2021, cé gurb airde go fóill iad ná mar a bhí in 2018 agus 2019. Bhain na dearcthaí ba dhearfaí maidir leis an nGarda Síochána a bheith cairdiúil nó cabhrach (d'aontaigh 88%), dírithe ar chearta daonna (d'aontaigh 79%), dírithe ar an bpobal (d'aontaigh 73%) agus nua-aimseartha agus céimnitheach (d'aontaigh 73%). Tá feabhas suntasach tagtha ar dhearcthaí faoi cibé acu an ndéantar nó nach ndéantar dea-bhainistiú ar an nGarda Síochána aníos ó 48 faoin gcéad in 2018 go dtí 67 faoin gcéad in 2022. B'ionann leibhéil chomhaontaithe go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i gcomhrac na coireachta agus 65 faoin gcéad – 7 bpointe céatadain níos ísle ná mar a bhí i gceist in 2021, nuair b'ionann é agus 72 faoin gcéad.

I dtaobh cibé acu 'An aontaíonn nó an easaontaíonn (freagróirí) leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na Pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal' - d'aontaigh 53 faoin gcéad nuair a cuireadh 'aontaím go tréan' agus 'aontaím' i dteannta a chéile, agus níor dhóchúil céanna go n-aontódh muintir Bhaile Átha Cliath (41%), i gcomparáid le daoine sna cúigí eile (e.g. d'aontaigh 67% i gConnachta nó in Ulaidh).

## Tuairimí faoi Sholáthar Seirbhíse



### Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána

Cé gur tháinig méadú ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána gach bliain idir 2018 agus 2021 (38%, 39% agus 49%, faoi seach), tá laghdú 6 phointe céatadáin tagtha air go dtí 43 faoin gcéad in 2022. B'ísle an fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath (35%), agus b'airde é i gConnachta nó in Ulaidh (56%). Thug caoga a dó faoin gcéad d'fhreagróirí le fios go bhfaca siad Gardaí go rialta i ngluaisteáin phatróil, i gcomparáid le 7 faoin gcéad a chonaic Gardaí i mbun patrólú go rialta ar chos. Imríodh tionchar diúltach ar leibhéal iontaoibhe as an nGarda Síochána ina measc siúd *nach raibh feasach* ar phatróil an Gharda Síochána.



### Tuairimí faoi láithreach an Gharda Síochána

Tá laghdú ginearálta ag teacht ar dhearccháí go bhfuil láithreach an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'neamhleor' ó 2018. B'ionann seo in 2022 agus 54 faoin gcéad, i gcomparáid le 61 faoin gcéad in 2018.

Dá airde an leibhéil eagla roimh chuireacht i measc freagróirí, is é is dóchúla go dtabharfaidís le fios gur 'neamhleor' láithreach an Gharda Síochána. Mar shampla, thug 82 faoin gcéad díobh siúd ar a raibh 'go leor eagla' é seo le fios, i gcomparáid le 41 faoin gcéad, ar a raibh 'eagla ar bith'.



### Teagmháil leis an nGarda Síochána

As na freagróirí a rinne teagmháil éigin leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimhe sin (teagmháil ar chuir siad tús leis iad féin nó ar chuir an Garda Síochána tús leis), bhí 73 faoin gcéad 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an teagmháil is déanaí leis an nGarda Síochána ar chuir siad tús leis (80% i gcás teagmhála ar chuir an Garda Síochána tús leis). I dtaobh saghas teagmhála, léirigh 79 faoin gcéad sásamh leis an teagmháil nuair a thug siad cuairt ar stáisiún Gardaí, agus bhí 66 faoin gcéad sásta nuair ba ghlaoch gutháin ar Gardaí (seachas 999 nó 112) a bhí sa teagmháil.



### An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine

Ba dhearfach do dhearccháí freagróirí maidir leis an mbealach a raibh súil ag daoine leis go gcaithfeadh Gardaí leo, sa chás go ndearna siad teagmháil leo ar chúis ar bith. D'aontaigh nócha faoin gcéad go gcaithfí leo le meas, agus d'aontaigh 75 faoin gcéad go gcaithfí go cothrom leo ('aontaím go tréan' agus 'aontaím' i dteannta a chéile – gan 'ní fios' a áireamh). Cé gur lean dearccháí ar chaitheamh le meas de bheith ard le cúig bliana anuas, tá laghdú ag teacht orthu bliain ar bhliain ó 2018, nuair b'ionann iad agus 93 faoin gcéad.

Ar an gcuma chéanna, b'ísle leibhéal aontaithe maidir le caitheamh cothrom in 2022, tar éis gur tháinig laghdú orthu anuas ó ardleibhéal 86 faoin gcéad in 2019. Ba dhearfach do leibhéal aontaithe le príomhráitis eile in 2022, cé gur tháinig laghdú orthu ó 2021: (gan 'ní fios' a áireamh):

- D'aontaigh 72% gur féidir a bhrath ar na Gardaí sa cheantar seo a bheith ann in am an ghátair
- D'aontaigh 74% go ndéileálann na Gardaí le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil.
- D'easaontaigh 60% go bhfuil caidreamh pobail leis na Gardaí lag.
- D'aontaigh 76% go n-éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla.

## Roghblúire Dhéimeagrafach (Inscne/Aois/Náisiúntacht)

Ba dhóchúla go gceapfadh freagróirí in aoisghrúpaí níos sine gur fadhb an choireacht náisiúnta ná mar a cheapfaidís siúd in aoisghrúpaí níos óige. Ba dhóchúla, áfach, go mbeidís faoin tuairim gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht *áitiúil* – tuairim a bhí cosúil le tuairim iad siúd san aoischatagóir 18-24 bliain. Gan aird ar inscne, aois nó náisiúntacht, thug freagróirí an tús áite ba mhó do *chionta gnéasacha*, agus thug náisiúnaigh neamh-Éireannacha an céadtús áite freisin do dhrochíde sa teaghlach. Thug freagróirí baineanna na leibhéil ba mhó eagla le fios roimh choireacht, anuas ar chohóirt bhreacaosta. Ar an gcuma chéanna, thug na grúpaí seo le fios gur imríodh an tionchar ba mhó ar a gcaighdeán beatha mar gheall ar an eagla seo.

Ba mhó an sásamh le seirbhís an Gharda Síochána i measc iad siúd 65 bliain d’aois agus níos sine, agus i measc daoine 18-24 bliain d’aois. Chomh maith céanna, ba shásta a bhí náisiúnaigh neamh-Éireannacha leis an tseirbhís seo, ná mar a bhí náisiúnaigh Éireannacha. Ba dhóchúla go dtabharfadh mná, agus chohóirt bhreacaosta, leibhéil iontaoibhe ‘arda’ as an nGarda Síochána le fios. De réir mar a mhéadaigh aois, b’amhlaidh a mhéadaigh leibhéil arda iontaoibhe freisin. Ar aon dul leis an sampla iomlán, ba dhearfach do thuairimí faoin nGarda Síochána i measc catagóirí déimeagrafacha, agus acu siúd 65 bliain d’aois agus níos sine a bhí na tuairimí ba dhearfaí faoin eagraíocht. Bhí dearcthaí an-chosúla ag fir agus mná, agus náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha, faoi cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a ndéanann sé freastal (a bhí an-chosúil leis an sampla iomlán), agus ba dhóchúla go n-aontóidís siúd 65 bliain d’aois agus níos sine leis seo.


Thug daoine idir 18 agus 24 bliain d’aois an fheasacht ba mhó ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla, faoi mar a rinne náisiúnaigh neamh-Éireannacha i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha. Ba dhóchúla gur mheas mná, daoine breacaosta agus náisiúnaigh Éireannacha go bhfuil láithreach ‘neamhleor’ an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla, agus ba mhaith leo go mbeidís níos infheicthe dá bharr.

Bhí leibhéil chomhaontaithe faoi Ghardaí a bheith ómósach ard i measc na saintréithe déimeagrafacha go léir, ach chuaigh na leibhéil in airde de réir mar a chuaigh aois in airde. Ba dhóchúla go n-easaontódh chohóirt níos óige go gcaitheann na Ghardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin. Cé gur dhearfach den chuid ba mhó do na dearcthaí ar chaidreamh pobail an Gharda Síochána i measc na ngrúpaí déimeagrafacha go léir ar aon dul leis an sampla iomlán, ag freagróirí níos sine a bhí na dearcthaí ba dhearfaí faoi seo, cosúil le tomhais eile.

## Íospartaigh na Coireachta

B’ionann an ráta íospartha i suirbhé 2022 agus 5.4 faoin gcéad (freagróirí a bhí ina n-íospartaigh sna 12 mhí roimh an suirbhé), agus thug 83% an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios do na Ghardaí.

B’ionann sásamh íospartach leis an tseirbhís a fuarthas ó Ghardaí agus 53 faoin gcéad (6 phointe céatadán níos ísle ná mar a bhí sé in 2021). Bhraith daichead a trí faoin gcéad go raibh an t-eolas a fuair siad ó Ghardaí ‘ceart go leor’, agus thug 26 faoin gcéad le fios nach bhfuair siad aon nuashonrú ar dhul chun cinn a n-imscrúdaithe. Tugadh feabhsúcháin faoi deara i limistéir áirithe de sheirbhís an Gharda Síochána ó 2021:



De bhreis air sin, bhraith 61 faoin gcéad d’íospartaigh gur fhreagair na Ghardaí go tapa, agus tugadh ainm an Gharda imscrúdaithe do 71 faoin gcéad. Thug seasca a cúig faoin gcéad le fios go ndearnadh teagmháil leantach leo ar an nguthán nó i bpearsan.

Faoi mar a tugadh faoi deara i mblianta roimhe seo, d’imir íospairt tionchar diúltach ar dhearfachtaí i leith thromchúis na coireachta, eagla roimh leibhéil choireachta agus tuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána. Tugadh leibhéil iontaoibhe ar imríodh tionchar orthu agus leibhéil sásaimh ghinearálta le seirbhís an Gharda Síochána laistigh de phobail le fios maidir le *mishásamh* leis an tseirbhís.



## Daoine Óga


### (16 agus 17 mbliana d'aois)

Fuarthas dearcthaí 389 duine óg (aois 16 agus 17 mbliana) i suirbhé 2022 (inar cuireadh sampla laghdaithe san áireamh de bharr tréimhse níos giorra oibre allamuigh). Bhí tuairimí daoine óga faoin gcoireacht cosúil leo siúd de chuid an tsampla daoine fásta – mheas siad go bhfuil an choireacht náisiúnta níos tromchúisí ná an choireacht áitiúil. Ceapadh gurbh iad cionta gnéasacha, drochíde sa teaghlach agus gáinneáil ar dhaoine na rudaí ar cheart don Gharda Síochána céadtús áite a thabhairt dóibh, agus leagadh béim ní ba lú ar choireacht réadmhaoine, ná mar a leagadh uirthi sa sampla daoine fásta. Thug comhréir mhór daoine óga le fios nach bhfuil siad buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh féin (56%), nó de dhuine a gcónaíonn siad leo (57%), i gcomparáid le daoine fásta (49% agus 46%, faoi seach), agus ní raibh an dóchúlacht chéanna ann ach chomh beag go mbeidís buartha faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine orthu féin (5%) nó ar dhuine a gcónaíonn siad leo: (4%), i gcomparáid leis an sampla daoine fásta (15% agus 12%, faoi seach). Thug ochtú a trí faoin gcéad de dhaoine óga le fios go bhfuil ‘fíorbheagán eagla’ nó ‘eagla ar bith’ orthu faoin gcoireacht, agus thug 69 faoin gcéad le fios gur imir eagla roimh choireacht ‘tionchar ar bith’ ar chaighdeán na beatha.

B'ionann sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail agus 87 faoin gcéad, agus fágadh freagairtí 'ní fios' as an áireamh – b'ionann iad seo agus ardchomhréir – 16 faoin gcéad. Léirigh daoine óga iontaoibh mheasartha-ard 90 faoin gcéad as an nGarda Síochána. Ba dhearfach do thuairimí faoin nGarda Síochána – agus ba mhó a sonraíodh na tuairimí seo sa sampla daoine fásta, den chuid ba mhó. B'ionann leibhéil chomhaontaithe (ní fios san áireamh) agus:

- Dírithe ar an bpobal – 79%
- Nua-aimseartha agus céimnitheach – 85%
- Cairdiúil agus cabhrach – 88%
- Dea-bhainistithe – 78%
- Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht – 77%
- Dírithe ar chearta daonna – 84%

I dtaobh infheictheacht an Gharda Síochána, thug i bhfad níos lú daoine óga le fios go bhfeiceann siad patrólú á dhéanamh ag Gardaí i ngluaisteán (18%), ná daoine fásta (52%), agus bhí feasacht éigin ag 48 faoin gcéad ar phatróil an Gharda Síochána go ginearálta. Bhraith seasca a sé faoin gcéad go raibh láithreach an Gharda Síochána ina bpobail 'ceart go leor.' Ba dhearfach do dhearcthaí faoin mbealach a raibh súil leis go gcaithfeadh Gardaí le daoine - d'aontaigh 86 faoin gcéad go gcaithfí le meas leo; bhraith 74 faoin gcéad go gcaithfí go cothrom leo (gan 'ní fios' a áireamh).




# Caibidil AON

## Réamhrá



Cuirtear ár ngáthshuirbhé bliantúil aghaidh ar aghaidh, Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2022 an Gharda Síochána, ar bun arís eile don dara bliain i ndiaidh a chéile tar éis gur ghá sos a ghlacadh sa tsraith in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid. Ní féidir torthaí *'Suirbhé ar Líne 2020 an Gharda Síochána: Cohórt Uirbithe'*, a chur i gcomparáid le torthaí ónár ngáthshuirbhéanna ar dhearcadh an phobail, agus ní chuirtear i láthair iad dá bharr i dtáblaí treochta sa tuarascáil seo. Cuirtear na torthaí i láthair i dtuarascáil shuirbhé 2022 seo ar shuirbhé sóisialta ar 7,699 ball de phobal na hÉireann 18 mbliana d'aois agus níos sine maidir le coireacht agus póilíneacht in Éirinn, anuas ar 389 duine óg 16 agus 17 mbliana d'aois. Tugadh faoi obair allamuigh don suirbhé idir Lúnasa agus Nollaig 2022 (cuirtear sonraí breise modheolaíocha ar fáil níos déanaí sa chaibidil seo, agus in Aguisín 1).



## 1.1 Dhírigh suirbhé 2022 ar dhearcthaí sampla de phobal na hÉireann a bhailiú faoin méid seo a leanas:

- Tromchúis na coireachta in Éirinn go náisiúnta agus go háitiúil, na saghsanna coireachta ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu, chomh maith le heagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt.
- Eagraíocht an Gharda Síochána, iontaoibh aisti, agus leibhéil sásaimh as an tseirbhís a sholáthraítear, anuas ar an mbealach a mbíonn súil ag daoine go gcaitheann Gardaí leo.

Scrúdaíodh dearcthaí íospartaigh na coireachta freisin faoina n-eispéiris den tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil dóibh.

## 1.2 Modheolaíocht

Faoi mar a bhí i gceist in 2021, lean *Behaviour and Attitudes (B&A)* de bheith ar an gcuideachta thaighde a fostaíodh chun tabhairt faoin obair allamuigh do shuirbhé 2022. D'éascair mionathruithe ar cheistneoir suirbhé 2022 (tabharfar iad seo chun solais ar fud na tuarascála) as a mhacasamhail de phróiseas comhairliúcháin idir B&A agus an Garda Síochána a thit amach in 2021. Cé gur thit suirbhé píolótach amach (50 agallamh ar shampla a bhí cothrom ó thaobh déimeagrafaice agus a bhí á rialú ag cuóta) sular tosaíodh an phríomhobair allamuigh in 2021, níor ghá seo a dhéanamh in 2022.

Tosaíodh obair allamuigh tús le i Lúnasa 2022 agus leanadh ar aghaidh leis go dtí Nollaig, agus tá méid an tsampla (389 duine) i dtaobh daoine óga níos lú ná mar a bhí sé i suirbhéanna roimh Covid ar an gcúis seo (ba é an líon daoine óga a bhí sa sampla daoine óga roimh Covid thart ar 600 duine leata ar fud na bliana iomláine). Tá súil leis go ndéanfar suirbhé iomlán 1,000 duine ar dhaoine óga in 2023. Anuas air sin, faoi mar a bhí i gceist in 2021, níor tugadh faoi shampláil ráithiúil mar gheall ar an tréimhse laghdaithe oibre allamuigh. Cuirfear tús leis seo chomh maith in 2023.

### 1.2.1 Dearadh Samplach

Bhí bearta nach raibh chomh dian céanna i bhfeidhm macasamhail iad siúd roimh Covid,

ar ábharáí an tsaoil, mar gheall gur cuireadh deireadh le treoirlínte an Rialtais a bhain leis an bpaindéim. Tugadh faoi agallaimh trí úsáid a bhaint as modheolaíocht CAPI – *Agallóireacht Phearsanta Ríomhchuidithe*.

Rinneadh rialú cuóta ar an sampla de réir inscne, aoise, aicme shóisialta agus réigiúin (i.e. réigiún tíreolaíoch, seachas réigiún an Gharda Síochána<sup>1</sup>) lena chinntiú gur tháinig sé leis na nósanna náisiúnta. Tugadh faoi agallaimh idir Lúnasa agus Nollaig 2022, in aon sraith leanúnach amháin.

### 1.2.2 An Phróifíl Shamplach

Cé go ndearnadh agallamh amháin in aghaidh an teaghlach i bhformhór na gcásanna, bhíothas in ann na hagallaimh ar dhaoine 16-17 mbliana d'aois a dhéanamh in áiteanna cónaithe inar thit príomhagallamh amach cheana féin (ba líontán sábhála é seo do thuismitheoirí ar ghá dóibh toiliú a sholáthar). Úsáideadh modh fánach leis an agallaí a roghnú i dteaghlach inar shásaigh breis agus duine amháin an cuóta don Toghroinn sin, i.e. 'modh an chéad bhreithlae eile'. Roghnaíodh freagróirí de réir cuótaí bunaithe ar aois, inscne agus aicme shóisialta ar aon dul le próifíl an daonáirimh, le cinntiú breise a thabhairt maidir le hionadaíocht (féach thíos). Faoi mar a luadh, b'ionann an sampla a baineadh amach agus 7,699 duine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine<sup>2</sup>, agus 389 duine óg 16 agus 17 mbliana d'aois.

Cuireadh cuótaí i bhfeidhm ar gach duine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine (ó Daonáireamh 2016):

1. **Inscne** (Fireann, Baineann)
2. **Aois** (18-24, 25-34, 35-44, 45-54, 55-64, 65+)
3. **Aicme Shóisialta** (ABC1, C2DE, F) (féach Tábla 1)

Mar gheall gurb éagsúil próifíl gach cinn de 19 roinn an Gharda Síochána, bhí na cuótaí déimeagrafacha seo suite laistigh de gach roinn. Rinneadh an sampla a ualú lena chinntiú go ndearnadh ionadaíocht do 19 roinn an Gharda Síochána de réir na comhréireanna cearta. Anuas air sin, cuireadh ualú i bhfeidhm ar inscne, aois, aicme shóisialta agus náisiúntacht freisin ar leibhéal foriomlán, lena chinntiú gur cuireadh san áireamh go hiomlán sa tacar sonraí na hathróra seo. Ní dhearnadh an sampla daoine 16 agus 17 mbliana d'aois a ualú, faoi mar a rinneadh i mblianta roimhe seo.

<sup>1</sup> Tá Samhail Oibriúcháin nua póilínachta an Gharda Síochána (seachas an tSamhail Roinne a úsáideadh riamh anall) á tabhairt isteach faoi láthair ar bhonn náisiúnta. Cé nach raibh a cur i bhfeidhm tugtha chun críche go hiomlán ag tráth an tsuirbhé, úsáideadh an tsamhail nuashonraithe 19 roinn (seachas an tsamhail 28 roinn) ar mhaithe le sampláil lena chinntiú gur tháinig aon anailís roinne a rinneadh ina dhiaidh sin leis an tsamhail amach anseo. Ba é 2021 an bhonnbhliain bhailithe torthaí roinne, agus leanann seo ar aghaidh in 2022.

<sup>2</sup> Ó 2015, nuair a athsheoladh an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail i ndiaidh sosa ón mbliain 2008, b'ionann líon an tsampla agus thart ar 6,000 duine. Cheadaigh seo anailís a dhéanamh ar leibhéal cúige amháin. Méadaíodh an sampla den chéad uair in 2021 aníos go dtí thart ar 7,600 duine, a cheadaigh anailís a dhéanamh amach anseo anailís ar leibhéal roinne.

Tábla 1: Sainmhínte ar Ghrúpálacha Aicme Shóisialta

Aicme Shóisialta	Cur Síos
A	Ardbhainistíocht, gairmiúil.
B	Cuntasóir idirmheánach bainistíochta gairmiúil.
C1	Bainisteoir maoirseachta nó cléireachais, sóisearach, altra, múinteoir, ionadaí díolachán, úinéir siopa, mac léinn
C2	Oibrí oilte láimhe (e.g. bríceadóir, siúinéir, pluiméir nó péintéir oilte, tiománaí bus, tiománaí otharchairr, tiománaí HGV, patrólaí AA, tábhairneoir), gruagairí, feisteoir
D	Obair leathoilte nó neamhoilte láimhe (e.g. oibríthe láimhe, gach printíseach a bheidh ina dtrádálaithe oilte, feighlí, coimeádaí páirce, tiománaí neamh-HGV, cúntóir siopa), fear/bean an phoist, bearbóir, tiománaí tacsáí, freastalaí beáir Oibrí ócáideach (nach bhfuil i bhfostaíocht bhuan)
E	Bean tí/cúramaí baile. Ar scor agus ag maireachtáil ar an bpinsean stáit. Dífhostaithe nó gan bheith ag oibriú de bharr breoiteacht fhadtéarmach. Cúramóir lánaimseartha le duine muinteartha eile
F	Feirmeoir

Taispeántar i dTábla 2, atá níos faide ar aghaidh sa mhír seo, méid agus saintréithe an tsampla. Fiafraíodh ar fhreagróirí cé acu an raibh nó nach raibh siad mar íospartach na coireachta sa tréimhse 12 mhí roimh agallamh an tsuirbhé – ar a dtugtar an tréimhse thagartha. Ní bhailítear sonraí sa mhír a bhaineann le híosparit<sup>3</sup> faoi gach coir: fágtar coireanna a mbaineann cineál gnéasach leo as an áireamh ón suirbhé.

Úsáideann B&A an nós imeachta céanna samplála dá dtionscadail aghaidh ar aghaidh go léir - teicníc samplála ilchéime faoi rialú cuóta, ag a bhfuil pointí tosaigh a roghnaítear go fánach laistigh d'aonaid bunsamplála atá srathaithe ó thaobh na tíreolaíochta de. Is éard a bhain leis seo:

- An sampla a bhí ag gach ceann de na 19 Roinn de chuid an Gharda Síochána a shrathú. Lena chinntiú go bhféadfaí tabhairt faoi anailís roinne, úsáideadh sampláil chuspóiriúil lena chinntiú gur baineadh thart ar 400 agallamh amach in aghaidh na roinne.
- Rinneadh an sampla a shrathú níos mó laistigh de gach roinn an Gharda Síochána trí limistéir (i.e. cathair, 'uirbeach eile' agus tuaithe). Chinntigh seo leathadh ionadaíoch críche ar Bhunaoid Samplála fud fad na tíre de réir ranna an Gharda Síochána.
- Roghnaíodh an líon cuí bunaoid samplála laistigh de gach cill sa mhaitrís seo, i.e. Toghranna (EDanna), trí úsáid a bhaint as nósanna imeachta samplála dóchúlachta (comhréireach le méid an daonra).

I dtaobh sampláil daoine aonair laistigh de gach ceann de na Toghranna a roghnaíodh roimh ré, sannadh pointe tosaigh a roghnaíodh go randamach do gach agallóir, a thosaigh a s(h)annachán agallamh ag tosú ag an láthair seo – rud a bhain go leor den phróiseas samplála ó chúraimí an agallóra. Theastaigh ón agallóir 10 n-agallamh a chur ar siúl laistigh de gach ED, i gcomhréir le rialuithe déimeagrafacha don réigiún sin a bhaintear as meastacháin na Príomh-Oifige Staidrimh.

### 1.3 Pointí is ceart a thabhairt faoi deara faoi shuirbhé 2022

- Faoi mar a bhain le suirbhé 2021, rinneadh an obair allamuigh in 2022 a dhlúthú isteach i dtréimhse níos giorra (Lúnasa-Nollaig 2022).
- Mar gheall ar an amfhráma, baineadh sampla níos lú daoine óga amach.
- Rinneadh rialú cuóta ar an sampla de réir inscne, aoise, aicme shóisialta agus réigiúin agus ceantar roinne an Gharda Síochána.
- Ar mhaithe le tagairt éasca a dhéanamh d'iarshuirbhéanna ar dhearcadh an phobail, déanfar aon athruithe a rinneadh ar cheistneoir 2022 a aibhsiú ag an mír ábhartha sa tuarascáil seo.<sup>4</sup>

<sup>3</sup> Áirítear leis seo bheith mar íospartach den bhuirgléireacht, goid, robáil, díobháil choiriúil agus/nó ionsaí.


<sup>4</sup> Tá sonraí níos mionsonraithe modheolaíochta ar fáil ag aguisín 1, ina soláthraítear eolas ar tháblaí agus figiúirí a léirtheascint.


## 1.4 Leagan Amach na Tuarascála


Tá an stíl chéanna, stíl chur i láthair, ar thuarascáil bhliantúil seo an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2022 an Gharda Síochána – rinneadh athruithe ar a formáid le hábhair ábhartha a ghrúpáil agus le hinléiteacht a fheabhsú. Cé go bhfuil na gnéithe céanna bunriachtanacha ann a bhí ann i dtuarascálacha bliantúla roimh Covid, is éagsúil leagan amach agus meascán na gcaibidlí. Scrúdaítear **i gcaibidil a dó** tuairimí faoin gcoireacht in Éirinn, dearcthaí faoi thosaíochtaí póilíneachta don Gharda Síochána, eagla roimh choireacht agus buairt faoi íospairt. Fiosraítear


**i gcaibidil a trí** sásamh le agus iontaoibh as an nGarda Síochána agus tuairimí faoin eagraíocht. Scrúdaítear **i gcaibidil a ceathair** gnéithe de sholáthar seirbhíse, anuas ar an mbealach a mbíonn súil leis go gcaitheann Gardaí le daoine. Fiosraítear **i gcaibidil a cúig** na téamaí seo de réir inscne, aoise agus náisiúntachta, agus cuirtear dearcthaí agus eispéiris íospartaigh na coireachta i láthair i **gcaibidil a sé**. Ar deireadh, scrúdaítear **i gcaibidil a seacht** torthaí ardleibhéil ón sampla daoine óga, ina gcuimsítear na téamaí go léir a thugtar chun solais thuas (ní thugtar faoi anailís dhomhain mar gheall ar mhéid níos lú an tsampla).


Tábla 2: Próifíl an tSampla 2022


Inscne	
Fir	49%
Baineann	51%


Aois	
18 – 24	12%
25 – 34	16%
35 – 44	20%
45 – 54	18%
55 – 64	15%
65+	19%


Aicme Shóisialta	
AB	12%
C1	34%
C2	20%
DE	29%
E	6%

Réigiún	
Baile Átha Cliath	28%
Laighin (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	28%
Mumha	27%
Connachta nó Ulaidh	18%

Limistéar	
Cathair	19%
Uirbeach Eile	45%
Ceantair Thuaithe	36%

Náisiúntacht	
Éireannach	87%
RA	1%
Polannach	2%
Indiach	1%
An Liotuáin	1%
Rómáinis	1%
Nigéarach	1%
Eile	6%


Eitneacht	
Éireannach Geal	87%
Duine Geal Eile	8%
Afracach + Duine Gorm Eile	2%
Síneach + Áiseach Eile	2%
Eile	1%

Creideamh	
Caitliceach Rómhánach	74%
Eaglais na hÉireann	2%
Críostaí Eile	4%
Eile	3%
Creideamh ar bith	13%
Diúltaithe	4%

# Caibidil DÓ

## Coireacht agus Pobal na hÉireann

- 2.1 Tuairimí faoin gCoireacht agus Tosaíochtaí Póilíneachta
- 2.2 Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht





Amhail a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, táthar faoin tuairim go fóill go bhfuil coireacht náisiúnta níos tromchúisí ná coireacht áitiúil.

Thug formhór na bhfreagróirí le fios go raibh 'eagla ar bith' nó 'fíorbheagán eagla' orthu faoin gcoireacht (63%). Ar an gcuma chéanna, níor imir eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha i measc thromlach na bhfreagróirí (58%).



**Ceaptar go fóill gurb é an saghas coireacht ar cheart don Gharda Síochána díriú air ná cionta gnéasacha – bhí 91% d'fhreagróirí faoin tuairim seo in 2022. Tugadh an chéad tús áite eile do dhrochíde sa teaghlach (89%).**

Fiosraítear i gcaibidil a dó tuairimí freagróirí faoi thromchúis na coireachta náisiúnta agus áitiúla, agus na tosaíochtaí póilíneachta is mó ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu. Scrúdaítear buairt faoi íospairt agus eagla roimh choireacht freisin, agus déantar amhlaidh ar conas a imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar chaighdeán na beatha.


Mar sin, cad a thugann an suirbhé le fios dúinn? Ar aon dul le treocht a tugadh faoi deara i mbabhtaí roimhe seo de Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána, measadh gur chruthaigh coireacht áitiúil fadhb níos lú ná an choireacht náisiúnta. Leis seo a léiriú, b'ionann freagróirí in 2022 a mheas gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil agus 45 faoin gcéad, i gcomparáid le 4 faoin gcéad a raibh an tuairim chéanna acu faoin gcoireacht náisiúnta. Ba cheart don Gharda Síochána céadtús áite a thabhairt do chionta gnéasacha agus do dhrochíde sa teaghlach, de réir freagróirí a mheas gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta agus áitiúil. Bhí cionta drugaí le sonrú go han-mhinic freisin nuair a measadh gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht áitiúil. Thug tromlach na bhfreagróirí le fios go raibh 'eagla ar bith' nó 'fíorbheagán eagla' orthu faoin gcoireacht (63%), agus thug 58 faoin gcéad le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha. Tá laghdú 3 faoin gcéad tagtha ar an dá cheann de na tomhais seo, faoi seach, áfach, ó 2021.

## 2.1 Tuairimí faoin gCoireacht agus Tosaíochtaí


### 2.1.1 Tuairimí phobal na hÉireann faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil in Éirinn in 2022

Amhail a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, bhí freagróirí faoin tuairim go bhfuil coireacht náisiúnta níos tromchúisí ná coireacht áitiúil (féach fíor 1). Cheap seachtó a trí faoin gcéad de dhaoine go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb ‘an-tromchúiseach’ nó ‘tromchúiseach’, i gcomparáid le 19 faoin gcéad maidir le coireacht áitiúil. Ar an gcuma chéanna, cheap 45 faoin gcéad d’fhreagróirí gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht áitiúil, in aghaidh 4 faoin gcéad i dtaobh coireacht náisiúnta. Tá a mhacasamhail de thorthaí le sonrú maidir le difríochtaí réigiúnacha, faoi mar a léirítear i bhFíoracha 2 agus 3.

**Fíor 1: Tuairim faoi Thromchúis na Coireachta Náisiúnta agus Áitiúla**




**Fíor 2: Tuairim faoi Thromchúis na Coireachta Náisiúnta de réir Réigiúin**



Nochtar in 2022 dearcthaí faoin gcoireacht náisiúnta de réir réigiúin gur mheas idir 70 agus 77 faoin gcéad d’fhreagróirí go raibh an choireacht tromchúiseach (‘fadhb an-tromchúiseach’ nó fadhb ‘tromchúiseach’ i dteannta a chéile) (Fíor

2) i ngach ceann de na ceithre réigiún. Ach bhí dearcthaí faoin gcoireacht áitiúil i ngach réigiún an-éagsúil, áfach. B’ionann iad siúd a bhí faoin tuairim gur fadhb ‘an-tromchúiseach’ nó ‘tromchúiseach’ an choireacht áitiúil agus 27 faoin gcéad nó níos lú. I bhfírinne, bhí na tuairimí seo ag 13 agus 12 faoin gcéad d’fhreagróirí, faoi seach, i Mumha agus i gConnachta nó in Ulaidh. Ba dhóchúla gur mheas freagróirí gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht áitiúil ar fud na réigiún (idir 37 agus 52 faoin gcéad a bhí líon na bhfreagróirí a bhí faoin tuairim seo) (Fíor 3).

**Fíor 3: Tuairim faoi Thromchúis na Coireachta Áitiúla de réir Réigiúin**




### 2.1.2 Cén t-athrú atá tagtha ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil le 5 bliana anuas?


Scrúdaítear athruithe ar thuairimí faoin gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil sa tréimhse cúig bliana anuas i bhfíoracha 4 agus 5 (faoi mar a luaitear i gcaibidil 1, fágfar an bhliain 2020 as an áireamh ón anailís ar threochtaí, mar gheall nach féidir an suirbhé ar líne a rinneadh sa bhliain sin a chur i gcomparáid leis an ngnáthshuirbhé aghaidh ar aghaidh). Tháinig méadú trí phointe céatadán in 2022 ar dhearcthaí go bhfuil an choireacht náisiúnta ina fadhb ‘an-tromchúiseach’ nó ‘tromchúiseach’ ó 2021 (ó 70% go 73%), ach b’ionann iad agus 5 phointe céatadán níos ísle ná an líon in 2019 (78%). Tháinig laghdú 2 phointe céatadán orthu siúd a mheas gur ‘fadhb éigin’ an choireacht náisiúnta ó 2021 (ó 25% go 23%). I dtaobh na coireachta áitiúla, tháinig méadú ar na freagróirí a cheap gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht áitiúil bliain ar bhliain ó 2018 go 2021 (ó 31% go 46%) agus níor tháinig ach laghdú beagán ar an líon in 2022 (1 phointe céatadán) (Fíor 5).



**Fíor 4: Tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**



**Fíor 5: Tuairimí faoin gCoireacht Áitiúil 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**



## Tosaíochtaí Póilíneachta

### 2.1.3 Tosaíochtaí póilíneachta freagróirí don Gharda Síochána in 2022

Fiafraíodh d'fhreagróirí faoi na saghsanna coireachta a measann siad gur cheart don Gharda Síochána díriú orthu. Cuireadh Drochíde sa Teaghlach, Coireacht Fuatha agus Sábháilteacht ar Bhóithre leis an liosta féideartha seo in 2021, a chuireann san áireamh díriú an Gharda Síochána ar íospartaigh leochaileacha, an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas leis an tábhacht a aithint a bhaineann le coireanna ina bhfuil gné fuatha a chur i dtaifead agus, go deimhin, an príomhról a ghlac Gardaí i dtaobh daoine a choimeád sábháilte ar ár mbóithre.

Faoi mar a bhí i gceist in iarbhabhtáí suirbhé, thug freagróirí an tús áite ba mhó do 'cionta gnéasacha' (rangaigh 91% d'fhreagróirí na cionta seo mar a gcéadtús áite). Tugadh tús áite freisin do 'drochíde sa teaghlach' (89%), 'gáinneáil ar dhaoine' (86%) 'ionsaithe' (85%).

Mar a bhí i gceist in 2021, bhain cionta

sábháilteachta ar bhóithre, oird phoiblí agus tráchta an céatadán ab ísle amach d'fhreagairtí 'ardtús áite' (féach Tábla 3). Ina ainneoin seo, mheas 65 faoin gcéad d'fhreagróirí gur cheart don Gharda Síochána ardtús áite a thabhairt do shábháilteacht ar bhóithre.

**Tábla 3: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána in 2022**

	Ard-tosaíocht	Meán-tosaíocht	Íseal-tosaíocht
Cionta Gnéasacha	91%	6%	4%
Drochíde sa Teaghlach	89%	8%	3%
Gáinneáil ar Dhaoine	86%	8%	6%
Ionsaithe	85%	12%	3%
Airm Neamhdhleathacha	84%	11%	6%
Buirgléireacht	79%	18%	3%
Cionta Drugaí	78%	17%	4%
Robálacha	78%	19%	3%
Coireacht Fuatha	75%	18%	7%
Díobháil Choiriúil	71%	25%	5%
Calaois	70%	24%	6%
Sábháilteacht ar Bhóithre	65%	30%	6%
Cionta Oird Phoiblí	57%	35%	8%
Cionta Tráchta	42%	44%	14%

### 2.1.4 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar thosaíochtaí póilíneachta?

Gan aird ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil, tugadh an tús áite ba mhó do chionta gnéasacha, agus an dara tús áite do dhrochíde sa teaghlach (bhí a mhalairt i gceist ina measc siúd a mheas gur fadhb 'an-tromchúiseach' an choireacht áitiúil) (féach Tábla 4). I dtaobh tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta, rangáíodh gáinneáil ar dhaoine mar an tríú tosaíocht, agus rangáíodh ionsaí mar an ceathrú tús áite i bhformhór na gcásanna, gan aird ar an leibhéal tuairimí. B'éagsúil an tríú agus an ceathrú tosaíocht nuair a measadh tuairimí faoin gcoireacht áitiúil. Sa chás seo, bhí cionta drugaí agus ionsaithe an-suntasach ina measc siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht áitiúil. Tugadh ardtús áite freisin (an ceathrú tús áite) do gháinneáil ar dhaoine, airm neamhdhleathacha agus buirgléireachtaí sa chohórt seo freagróirí.

Tábla 4: Tosaíochtaí Póilneachta de réir Tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta agus Áitiúil

	Tosaíochtaí Póilneachta	Coireacht Náisiúnta				Coireacht Áitiúil			
		Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Fadhb ar bith	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Fadhb ar bith
	Cionta Gnéasacha	1	1	1	1	2	1	1	1
	Drochíde sa Teaghlach	2	2	2	2	1	2	2	2
	Gáinneáil ar Dhaoine	3	3	3	3	4	7	3	3
	Ionsaithe	4	3	4	4	4	2	3	4
	Airm Neamhdhleathacha	6	5	5	5	4	4	5	5
	Buirgléireacht	7	6	7	6	4	6	6	6
	Cionta Drugaí	4	7	9	9	2	4	8	7
	Robálacha	8	8	7	7	8	7	7	7
	Coireacht Fuatha	9	9	6	7	10	9	9	7
	Díobháil Choiriúil	9	10	11	10	9	10	10	10
	Calaois	11	11	10	11	12	11	10	11
	Sábháilteacht ar Bhóithre	12	12	12	12	11	12	12	12
	Cionta Oird Phoiblí	13	13	13	13	12	13	13	13
	Cionta Tráchta	14	14	14	14	14	14	14	14

### 2.1.5 An imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar thosaíochtaí póilíneachta?

Nuair a scrúdaíodh saghsanna coireachta in aghaidh eagla roimh leibhéal coireachta, léirigh an suirbhé gur thug freagróirí ardtús áite do chionta gnéasacha, drochíde sa teaghlach agus gáinneáil ar dhaoine. Bhain ionsaithe ardtús áite amach freisin gan aird ar leibhéal eagla roimh choireacht (féach Tábla 5).

Tábla 5: Tosaíochtaí Póilíneachta de réir Eagla roimh Choireacht

Tosaíochtaí Póilíneachta	Eagla roimh Choireacht			
	Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíor-Bheagán Eagla	Eagla ar Bith
Cionta Gnéasacha	1	1	1	1
Drochíde sa Teaghlach	1	2	2	2
Gáinneáil ar Dhaoine	3	4	3	3
Ionsaithe	3	3	3	4
Airm Neamhdhleathacha	5	5	5	4
Buirgléireacht	7	6	6	6
Cionta Drugaí	5	7	6	7
Robálacha	7	8	6	7
Coireacht Fuatha	9	9	9	9
Díobháil Choiriúil	10	10	11	10
Calaois	10	11	10	11
Sábháilteacht ar Bhóithre	12	12	12	12
Cionta Oird Phoiblí	13	13	13	13
Cionta Tráchta	14	14	14	14

## 2.2 Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht


Úsáideadh ceithre thomhas chun eagla agus buairt phobal na hÉireann faoin gcoireacht a fhiosrú:

- An dóchúlacht bhraite go ndéanfar íospartach na coireachta díobh (iad féin).
- An dóchúlacht bhraite go ndéanfar íospartach na coireachta díobh (duine a gcónaíonn siad leo).
- Eagla roimh leibhéal coireachta.
- Tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha.


### 2.2.1 An dóchúlacht bhraite go ndéanfar íospartach na coireachta díobh

Cé gur áiríodh le dóchúlacht bhraite i leith na híospartha in iarleaganacha de Shuirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuid an Gharda Síochána freagróirí iad féin agus duine éigin lena gcónaíonn siad laistigh de rogha amháin freagra, rinneadh iad a scaradh óna chéile i suirbhé 2022 leis an tuiscint ar an tsaincheist seo a mhéadú. Ar leibhéal náisiúnta, faoi mar a léirítear i bhfíor 6, ní bhíonn 49 faoin gcéad d'fhreagróirí buartha go ndéanfar íospartach na coireachta díobh. Nuair a iarradh orthu breithniú a dhéanamh air seo maidir le duine lena gcónaíonn siad, ní bhíonn buairt ar 46 faoin gcéad (Fíor 6(a)). Go deimhin, tugaimid faoi deara i measc na réigiún go léir ná dhóchúil céanna go mbeadh freagróirí buartha go ndéanfaí íospartach na coireachta díobh, i gcomparáid le duine lena gcónaíonn siad (i.e. buairt faoi dhíobháil phearsanta, goid nó díobháil réadmhaoine agus cibearchoireacht).

Fíor 6: Dóchúlacht bhraite na híospartha (an Freagróir Féin), go Náisiúnta agus go Réigiúnach




Fíor 6(a): Dóchúlacht Bhraite na híospartha (Duine lena gcónaíonn an Freagróir), go Náisiúnta agus go Réigiúnach




### 2.2.2 Leibhéal eagla roimh choireacht

Faoi mar a léirítear i bhFíor 7, thug 63 faoin gcéad d'fhreagróirí ar leibhéal náisiúnta le fios go raibh 'eagla ar bith' nó 'fíorbheagán eagla' orthu faoin gchoireacht. Thug fiche a naoi faoin gcéad le fios go raibh 'eagla éigin' orthu agus thug 7 faoin gcéad le fios go raibh 'go leor eagla' orthu. I dtaobh na réigiún, ar fhreagróirí i Mumha a bhí an méid ba lú eagla roimh choireacht (bhí 'eagla ar bith' nó 'fíorbheagán eagla' ar 71%), agus ba iad Connachta nó Ulaidh (67%) na réigiúin ina raibh an dara méid ba lú eagla. Faoi mar a léirítear i bhFíor 8, tháinig laghdú 4 pointe céatadán ar na freagróirí siúd a bhfuil eagla ar bith orthu faoin gchoireacht (anuas ó 38% in 2021 go dtí 34% in 2022).

**Fíor 7: Leibhéal Eagla roimh Choireacht go Náisiúnta agus go Réigiúnach**




**Fíor 8: Eagla roimh Choireacht 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**




### 2.2.3 Conas a imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar chaighdeán na beatha?

Maidir le tromlach na bhfreagróirí, níor imir eagla roimh choireacht tionchar ar a gcaighdeán beatha go náisiúnta agus i measc na réigiún, nó níor imir sé ach tionchar 'beag' nó tionchar measartha. Thug deich faoin gcéad de na freagróirí siúd i mBaile Átha Cliath le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar 'suntasach' nó 'mór' ar chaighdeán na beatha, agus níor dhóchúil céanna go dtabharfadh freagróirí sa phríomhchathair le fios gur imir eagla roimh choireacht aon tionchar (féach Fíor 9). Faoi mar a léirítear i bhFíor 10, tháinig laghdú bliain ar bhliain ó 2019 ar an gcéatadán freagróirí a thug le fios nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar chaighdeán na beatha (65%, 61% agus 58%, faoi seach). Comhfhreagraíonn seo do mhéaduithe beaga ar an gcéatadán freagróirí a thug le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar 'suntasach' nó 'measartha' ar a gcaighdeán beatha.

**Fíor 9: Tionchar na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán na Beatha go Náisiúnta agus go Réigiúnach**



**Fíor 10: Tionchar na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán na Beatha 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**




### 2.2.4 Trasnú na buartha faoi íospairt, na heagla roimh choireacht agus thionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha


Nuair a scrúdaímid an triantánú idir buairt faoi íospairt, (an freagróir féin), eagla roimh choireacht agus tionchar na heagla roimh choireacht ar chaighdeán na beatha, tugtar faoi deara go mbíonn gach ceann de na trí shaintréith – tá buairt éigin orthu faoi íospairt, tá eagla éigin orthu roimh choireacht, agus imríonn a n-eagla roimh choireacht tionchar éigin ar a gcaighdeán beatha i measc 18 faoin gcéad d'fhreagróirí (líon = 1385) (féach Fíor 11).

Tugtar sonraí breise faoi shaintréithe an chohóirt lárnaigh seo i bhFíor 12. Mar shampla, tá gach ceann de na trí shaintréithe le sonrú i measc comhréir níos mó ban (59%), ná fear (41%), agus tá an formhór díobh 35 bliain d'aois nó níos sine (76%). Is líonmhaire na cónaitheoirí tuaithe agus 'uirbeach eile' (79%) ná cónaitheoirí cathrach (21%). Is ionann mná agus 8 bpointe céatadán níos mó ná láithreach sa sampla foriomlán (59% den ghrúpa seo, i gcomparáid le 51% ar an bhforiomlán).

**Fíor 11: Trasnú na Buartha faoi Íospairt, na hEagla roimh Choireacht agus Thionchar na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán na beatha**





**Fíor 12: Saintréithe an Chohóirt Lárnaigh**



# Caibidil, TRÍ

## Dearcthaí i dtreo an Gharda Síochána

- 3.1 Sásamh agus Iontaoibh as an nGarda Síochána
- 3.2 Tuairimí faoin nGarda Síochána



Léirigh 75%  
d'fhreagróirí sásamh  
le seirbhís an Gharda  
Síochána



Léirigh 90% iontaoibh  
idir meánach agus ard as an  
nGarda Síochána in 2022



Creideann 53%  
go ndéanaimid  
ionadaíocht do  
phobail éagsúla.

## Dearcthaí freagróirí;



Tá an Garda Síochána cairdiúil nó cabhrach	88%
dírthe ar chearta daonna	79%
dírthe ar an bpobal	73%
Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht	65%
dea-bhainistithe	68%
nua-aimseartha agus céimnitheach	73%

Scrúdaítear sa chaibidil seo dhá bheart thábhachtacha atá ríthábhachtach chun muinín a chothabháil as an tseirbhís póilíneachta a sholáthraíonn an Garda Síochána – sásamh leis an tseirbhís agus iontaoibh as na Gardaí. Anuas air sin, fiosraítear sa chaibidil dearcthaí poiblí faoin gcaidreamh idir an Garda Síochána agus an pobal ar a ndéanann sé freastal, agus an bealach a mbíonn súil leis go gcaitheann Gardaí le freagróirí, sa chás go ndéanann siad teagmháil leo ar chúis ar bith.


Mar sin, cad a thugann an suirbhé le fios dúinn? Faoi mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, agus in ainneoin laghdú ó 2021, is ard go fóill do shásamh le seirbhís an Gharda Síochána agus do leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána (bhí 75% d'fhreagróirí sásta le seirbhís an Gharda Síochána, agus bhí iontaoibh mheánach-ard ag 90% as na Gardaí). Ba dhearfach do thuairimí phobal na hÉireann faoi Gardaí agus faoin nGarda Síochána, ach tugadh laghdú faoi deara ar fud na limistéar uile ó 2021. Ina ainneoin seo, aontaíodh den chuid ba mhó le sé phríomhráiteas i measc na mbeart go léir – go bhfuil Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírite ar chearta daonna agus ar an bpobal, nua-aimseartha agus céimnitheach agus éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht. Scrúdaíodh don dara bliain dearcthaí faoi cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tSeirbhís ionadaíoch maidir le pobail éagsúla – d'aontaigh 53 faoin gcéad d'fhreagróirí go bhfuil sé.

### 3.1 Sásamh agus Iontaobh as an nGarda Síochána

#### 3.1.1 Sásamh leis an nGarda Síochána i rith 2022

Mar a léirítear i bhFíor 13, nuair a scrúdaíodh leibhéil sásaimh i measc freagróirí le seirbhís an Gharda Síochána dá bpobail áitiúla, léirigh suirbhé 2022 go raibh 75 faoin gcéad ‘an-sásta’ nó ‘sásta go leor’ leis an tseirbhís. Léirigh freagróirí i gConnachta nó Ulaidh na leibhéil sásaimh ab airde (84 faoin gcéad), agus léirigh na freagróirí siúd i mBaile Átha Cliath an sásamh ba lú (68 faoin gcéad).


**Fíor 13: Sásamh le Seirbhís an Gharda Síochána don Phobal Áitiúil, go Náisiúnta agus go Réigiúnach**



#### 3.1.2 Cén t-athrú atá tagtha ar leibhéil sásaimh le 5 bliana anuas (gan 2020 a áireamh)?

Tá laghdú tagtha gach bliain (80%, 78% agus 75% faoi seach) ar an gcéatadán freagróirí a bhí ‘an-sásta’ nó ‘sásta go leor’ ó 2018, cé go bhfuil an tromlach mór sa chatagóir seo. Ar an gcuma chéanna, tháinig laghdú ar an líon a thug le fios go raibh siad ‘an-sásta’ anuas 19 faoin gcéad in 2021 go dtí 13 faoin gcéad in 2022 (féach Fíor 14).

**Fíor 14: Sásamh le Seirbhís an Gharda Síochána don Phobal Áitiúil 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**




#### 3.1.3 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar leibhéil sásaimh?

Tugtar gaol chun solais i bhFíor 15 a tugadh faoi deara i mbabhtáí suirbhé roimhe seo - an gaol idir tuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil, agus leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána a cuireadh ar fáil do phobail áitiúla. Faoi mar a tugadh faoi deara i mblianta roimhe seo, bhí an gaol seo an-fheiceálach nuair a cuireadh an choireacht áitiúil san áireamh. Mar shampla, bhí 86 faoin gcéad d’fhreagróirí a cheap gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht áitiúil ‘an-sásta’ nó ‘sásta go leor’ leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla. I gcodarsnacht leis sin, b’ionann an figiúr seo agus 45 faoin gcéad ina measc siúd a cheap gur ‘fadhb an-tromchúiseach’ an choireacht áitiúil.

Ar an gcuma chéanna, bhí 94 faoin gcéad d’fhreagróirí a cheap gur ‘fadhb ar bith’ an choireacht náisiúnta ‘an-sásta’ nó ‘sásta go leor’ leis an tseirbhís a sholáthair an Garda Síochána dá bpobail áitiúla. Tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go 66 faoin gcéad ina measc siúd a cheap gur ‘fadhb an-tromchúiseach’ an choireacht náisiúnta. Tríd is tríd, de réir mar a tháinig méadú ar dheartháir i leith tromchúis choireanna náisiúnta agus áitiúla, tháinig laghdú ar leibhéil sásaimh.

**Fíor 15: Sásamh le Seirbhís an Gharda Síochána do Phobail Áitiúla, de réir Tuairime faoin gcoireacht Náisiúnta agus Áitiúil**




#### 3.1.4 Sásamh le agus eagla roimh choireacht


Faoi mar a tugadh faoi deara i mbabhtáí suirbhé roimhe seo, agus a tugadh faoi deara arís in 2022, d’imir eagla freagróirí roimh choireacht tionchar ar leibhéil sásaimh leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Garda Síochána do phobail áitiúla. Ar an iomlán, faoi mar a léirítear i bhFíor 16, de réir mar a thagann laghdú ar leibhéil eagla roimh choireacht, tagann méadú ar shásamh. Mar shampla, thug freagróirí a raibh ‘eagla ar bith’ orthu faoin gcoireacht leibhéil sásaimh 85 faoin gcéad le fios le seirbhís an Gharda Síochána (‘an-sásta’ agus ‘sásta go leor’ i dteannta a chéile). Tháinig laghdú ar an leibhéil sásaimh seo anuas go 47 faoin gcéad i gcás freagróirí a léirigh ‘go leor eagla’ faoin gcoireacht.



**Fíor 16: Sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do Phobail Áitiúla, de réir Eagla roimh Choireacht**



**Fíor 18: Leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**




## Iontaobh<sup>5</sup>

### 3.1.5 Leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána i rith 2022

B'ard i gcónaí d'iontaoibh as an nGarda Síochána in 2022. Ar leibhéal náisiúnta, léirigh 90 faoin gcéad d'fhreagróirí leibhéil iontaoibhe idir meánach agus ard. Nuair a scrúdaíodh ar bhonn réigiúnach é, agus nuair a cuireadh leibhéil iontaoibhe mheánacha agus arda i dteannta a chéile, idir 86 faoin gcéad agus 93 faoin gcéad a bhí na figiúirí. Ag freagróirí i gConnachta nó Ulaidh ba mhó a bhí 'iontaoibh ard' as an nGarda Síochána (57 faoin gcéad) agus thug iad siúd i mBaile Átha Cliath na leibhéil ab ísle de 'iontaoibh ard' le fios (41 faoin gcéad) (féach Fíor 17).

**Fíor 17: Iontaobh as an nGarda Síochána go Náisiúnta agus go Réigiúnach**




### 3.1.6 Cén t-athrú atá tagtha ar leibhéil iontaoibhe le 5 bliana anuas?

Nuair a scrúdaítear iontaoibh sa tréimhse cúig bliana anuas, tugtar faoi deara ó fhíor 18 nár tháinig mórán d'athrú ar leibhéil go mór mór. Tháinig laghdú 1 phointe céatadán in 2022 ar leibhéil iontaoibhe idir meánach agus ard (90%), nuair a chuirtear i gcomparáid iad le 2021 (91%).

### 3.1.7 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar leibhéil iontaoibhe?

Léirítear i bhFíor 19 conas an imríonn tuairimí faoin gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil tionchar ar leibhéil iontaoibhe. Nuair nár cheap freagróirí gur fadhb an choireacht náisiúnta agus áitiúil araon, baineadh na leibhéil iontaoibhe ba mhó amach (58% agus 54% faoi seach). Go deimhin, de réir mar a mhéadaigh tuairimí faoi thromchúis na coireachta náisiúnta agus áitiúla, tháinig laghdú ar leibhéil iontaoibhe airde. Ar an iomlán, den chuid ba mhó, nuair a cuireadh leibhéil iontaoibhe arda agus mheánacha i dteannta a chéile, tháinig méadú ar dhearcthaí faoi thromchúise fhadhb na coireachta de réir mar a laghdaigh tromchúis fhadhb na coireachta.

**Fíor 19: Iontaobh as an nGarda Síochána de réir Tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta agus Áitiúil**




### 3.1.8 Tionchar an tsásaimh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla ar leibhéil iontaoibhe

Faoi mar a tugadh faoi deara i Suirbhéanna ar Dhearcadh an Phobail 2022, tugadh

<sup>5</sup> Scrúdaigh an suirbhé leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána - iarradh ar fhreagróirí rátáil idir 1 agus 10 a shannadh don leibhéal a roghnaigh siad, arb é an leibhéal is airde d'iontaoibh 10 agus an leibhéal is ísle 1. Rinneadh freagairt a athchódú ansin go dtí 'iontaoibh íseal' (rátálacha 1, 2, 3, agus 4), 'iontaoibh mheánach' (rátálacha 5, 6 agus 7) agus 'iontaoibh ard' (rátálacha 8, 9 agus 10).

comhchoibhneas faoi deara idir sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla agus leibhéal iontaoibhe. B'airde leibhéal arda iontaoibhe (79%) i measc na bhfreagróirí siúd a bhí 'an-sásta' le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla, agus tháinig laghdú orthu de réir tháinig laghdú ar leibhéal sásaimh (16% ina measc siúd a bhí 'an-mhíshásta'). Tháinig méadú suntasach ar leibhéal 'iontaoibh íseal' de réir mar a tháinig méadú ar leibhéal mhíshásaimh (2% ina measc siúd a bhí 'an-sásta', in aghaidh 48% ina measc siúd a bhí 'an-mhíshásta') (féach Fíor 20).

**Fíor 20: Ionntaobh as an nGarda Síochána, de réir Sásaimh le Seirbhís an Gharda Síochána go hÁitiúil**




\*Is ionann an 2% i gcás 'an-sásta' de réir iontaoibh íseal agus níos lú ná 30 freagairt

### 3.1.9 An imríonn eagla roimh chuireacht tionchar ar leibhéal iontaoibhe?

Arís eile, faoi mar a fheictear i bhFíor 21, tá gaol idir eagla roimh chuireacht agus leibhéal iontaoibhe. Tháinig laghdú ar leibhéal iontaoibhe ísle de réir mar a tháinig laghdú ar leibhéal eagla roimh chuireacht (20% dóibh siúd ar a raibh 'go leor eagla', in aghaidh 9% dóibh siúd ar a raibh 'eagla ar bith'). Ar an gcuma chéanna, de réir mar a tháinig laghdú ar leibhéal eagla roimh chuireacht, tháinig méadú ar leibhéal 'iontaoibh ard' (36% dóibh siúd ar a raibh 'go leor eagla' faoin gcoireacht, agus 51% dóibh siúd ar a raibh 'eagla ar bith').

**Fíor 21: Ionntaobh as an nGarda Síochána, de réir Eagla roimh Chuireacht**



## 3.2 Tuairimí faoin nGarda Síochána


Fiosraítear sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tuairimí freagróirí faoin nGarda Síochána, trí scrúdú a dhéanamh ar leibhéal chomhaontaithe le sé phríomhráiteas. Baineann trí cinn díobh seo le cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na Gardaí cairdiúil agus cabhrach, dírithe ar an bpobal agus dírithe ar chearta daonna<sup>6</sup>. Baineann na trí cinn eile le tuairimí a fhiosrú faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i ndul i ngleic le coireacht, nua-aimseartha agus céimnitheach, an ndéantar nó nach ndéantar é a dheabhainistiú.

### 3.2.1 Tuairimí faoin nGarda Síochána

Nochtadh i suirbhé 2022 gur aontaigh tromlach na bhfreagróirí leis na sé phríomhráiteas faoin nGarda Síochána. Go náisiúnta, bhain na dearthaí ba dhearfaí le cairdiúlacht agus cabhracht Ghardaí (88%), bhain na dara cinn ba dhearfaí le haontú leis go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar chearta daonna (79%). D'aontaigh fiche a trí faoin gcéad leis go bhfuil an Garda Síochána dírithe ar an bpobal agus nua-aimseartha agus céimnitheach, faoi seach. Ní raibh leibhéal aontaithe freagróirí leis go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i ndul i ngleic le coireacht (65%) agus deabhainistithe (68%) chomh fabhrach céanna, cé go bhfuil an tromlach i gceist leo. Ba shuntasach don athraitheas ar fud na réigiún, agus ag freagróirí i mBaile Átha Cliath a bhí na dearthaí ba mhífhábhraí i ngach limistéar. Bhí na dearthaí ba dhearfaí acu siúd i gConnachta nó Ulaidh i measc ceithre cinn de na sé ráiteas (féach Fíor 22 chun teacht ar chomparáidí).

<sup>6</sup> Rogha a bhí in 'dírithe ar chearta daonna' a tugadh isteach den chéad uair in 2021, agus leanadh leis an rogha sin a sholáthar in 2022.


**Fíor 22: Tuairimí faoin nGarda Síochána**



**3.2.2 How have perceptions changed over the last 5 years?**

Tá tuairimí faoin nGarda Síochána imithe beagán chun donais ó 2021, cé gur fearr iad, den chuid is mó, ná mar a bhí siad in 2018 agus 2019. Mar shampla, tháinig laghdú 7 bpointe céatadain ar dhearthaí faoi éifeachtacht an Gharda Síochána i ndul i ngleic leis an gcoireacht ó 2021 anuas go 65 faoin gcéad. Limistéar ar tháinig feabhas suntasach air ná dearthaí i leith an Garda Síochána a bheith dea-bhainistithe. Tháinig méadú ar leibhéil aontaithe aníos ó 48 faoin gcéad in 2018, go dtí 67 faoin gcéad in 2022 (cé go bhfuil siad 2% níos ísle ná mar a bhí siad in 2021) (féach Fíor 23).

**Fíor 23: Tuairimí faoin nGarda Síochána 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**



**3.2.3 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar dhearthaí faoin nGarda Síochána?**

Go ginearálta, de réir mar a tháinig laghdú ar thuairimí faoi thromchúis na coireachta náisiúnta, d'éirigh dearthaí faoin nGarda Síochána ní ba dhearfaí. Mar shampla, ina measc siúd a cheap

gur 'fadhb ar bith' an choireacht náisiúnta, d'aontaigh 81 faoin gcéad leis go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe, i gcomparáid le 64 faoin gcéad ina measc siúd a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta. I dtaobh coireacht áitiúil, tháinig méadú ar leibhéil aontaithe, i.e. d'éirigh dearthaí faoin nGarda Síochána i bhfad ní ba dhearfaí (féach Tábla 6), de réir mar a tháinig laghdú ar thromchúis na coireachta i measc gach cinn de na sé ráiteas.

**Tábla 6: Tuairimí faoin gCoireacht de réir Dhearthaí faoin nGarda Síochána**

Coireacht Náisiúnta				Coireacht Áitiúil			
Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Fadhb ar bith	Fadhb an-tromchúiseach	Fadhb thromchúiseach	Fadhb éigin	Fadhb ar bith
<b>Dírthe ar an bpobal</b>							
66%	75%	76%	87%	55%	58%	72%	80%
<b>Nua-aimseartha nó céimnitheach</b>							
71%	74%	73%	80%	58%	62%	72%	79%
<b>Cairdiúil nó cabhrach</b>							
85%	89%	89%	93%	72%	78%	88%	92%
<b>Dea-bhainistithe</b>							
64%	69%	68%	81%	51%	53%	64%	76%
<b>Eifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht</b>							
60%	67%	67%	77%	45%	50%	62%	74%
<b>Dírthe ar chearta daonna</b>							
76%	81%	80%	89%	60%	70%	79%	84%

**3.2.4 An imríonn eagla roimh choireacht agus iontaoibh tionchar ar thuairimí faoin nGarda Síochána?**

Faoi mar a bhí i gceist i mbliaanta roimhe seo, taispeánadh i suirbhé 2022 go bhfuil gaol soiléir idir leibhéil eagla roimh choireacht agus tuairimí faoin nGarda Síochána. Is fíor an céanna nuair a chuirtear iontaoibh san áireamh. I measc na ráiteas go léir, d'éirigh tuairimí faoin nGarda Síochána ní ba dhearfaí de réir mar a tháinig laghdú ar leibhéil eagla roimh choireacht, agus mar a tháinig méadú ar iontaoibh. Leis seo a léiriú, faoi mar a léirítear

i dtábla 7, bhraith 17 faoin gcéad d'fhreagróirí a bhfuil iontaoibh íseal as na Gardaí go bhfuil an eagraíocht éifeachtach i ndul i ngleic le coireacht. Tháinig méadú ar leibhéal chomhaontaithe aníos go 84 faoin gcéad ina measc siúd a raibh iontaoibh ard acu. Ar an gcuma chéanna, chomhaontaigh iad siúd a raibh 'go leor eagla' orthu faoin gcoireacht leis go an Garda Síochána a dhea-bhainistiú, i gcomparáid le 76 faoin gcéad ina measc siúd a bhfuil 'eagla ar bith' orthu.


Tábla 7: Eagla roimh chuireacht de réir dearcthaí faoin nGarda Síochána

Eagla roimh Chuireacht				Iontaoibh		
Go leor eagla	Roinnt eagla	Fíorbheagán eagla	Eagla ar bith	Iontaoibh Íseal	Iontaoibh Mheánach	Iontaoibh Ard
<b>Díríte ar an bpobal</b>						
57%	69%	76%	78%	24%	66%	89%
<b>Nua-aimseartha nó céimnitheach</b>						
61%	66%	75%	80%	25%	66%	89%
<b>Cairdiúil nó cabhrach</b>						
77%	87%	89%	90%	44%	87%	97%
<b>Dea-bhainistithe</b>						
47%	59%	70%	76%	21%	58%	86%
<b>Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht</b>						
45%	58%	69%	72%	17%	56%	84%
<b>Díríte ar chearta daonna</b>						
68%	76%	81%	84%	29%	75%	93%

### 3.2.5 Éagsúlacht sa Gharda Síochána

Chun dearcthaí phobal na hÉireann a thuiscint faoi cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a bhfreastalaíonn sé, agus le sonraí bonnlíne a sholáthar ar ar féidir dul chun cinn a mheas, cuireadh ráiteas nua le suirbhé 2021; 'An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a bhfreastalaíonn sé?'


In 2022, nuair a chuirtear 'aontaím go tréan' agus 'aontaím' i dteannta a chéile, d'aontaigh 53 faoin gcéad d'fhreagróirí leis an ráiteas seo ar leibhéal náisiúnta<sup>7</sup> (ba é an figiúr seo 54% in 2021). Faoi mar a bhí i gceist in 2021, b'airde na leibhéal chomhaontaithe i gConnachta nó in Ulaidh (67%) agus b'ísle iad i mBaile Átha Cliath (41%) (féach Fíor 24).




Ar mhaithe le scrúdú breise a dhéanamh ar dhifriochtaí i dtuairimí faoi ionadaíocht an Gharda Síochána do phobail éagsúla, fiosraítear i bhFíor 25 dearcthaí náisiúnach Éireannacha in aghaidh náisiúnaigh neamh-Éireannacha a d'easaontaigh leis an ráiteas. Tugadh roinnt difriochtaí faoi deara i measc na n-aoischatagóirí, agus d'easaontaigh comhréir ní ba mhó de náisiúnaigh neamh-Éireannacha san aoisghrúpa 18-34 bliain agus 35-54 bliain, ná mar a d'easaontaigh náisiúnaigh Éireannacha sna haoischatagóirí siúd. Bhain tábhacht staitistiúil leis seo. Ar an taobh eile den phingín, ba dhóchúla go n-easaontódh náisiúnaigh neamh-Éireannacha, i gcomparáid le náisiúnaigh neamh-Éireannacha bhreacaosta. D'easaontaigh comhréir ní ba mhó de náisiúnaigh neamh-Éireannacha i gceantair chathrach agus ceantair 'uirbeach eile' go ndéanann an eagraíocht ionadaíocht, i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha sna ceantair seo.

<sup>7</sup> Ba cheart a thabhairt faoi deara gur tugadh comhréir ard freagairtí 'Ní fios' don cheist seo (19%).

**Fíor 25: Freagróirí a d'Easaontaigh go ndéanann an Garda Síochána Ionadaíocht do Phobail Éagsúla**




**Fíor 26: Tuairimí Náisiúnach Neamh-Éireannach faoin nGarda Síochána de réir Leibhéil Aontaithe go ndéanann an Eagraíocht Ionadaíocht do Phobail Éagsúla**




I dtaobh tumairí náisiúnach neamh-Éireannach faoi eagraíocht an Gharda Síochána, de réir leibhéil aontaithe faoin ionadaíocht a dhéanann sí do phobail éagsúla, ba dhearfaí na dearcthaí ina measc siúd a d'aontaigh (e.g. cheap 79% a d'aontaigh go bhfuil an eagraíocht dírithe ar an bpobal, in aghaidh 21% ina measc siúd a d'easaontaigh).



**Fíor 27: Freagróirí Neamh-Éireannacha a d'Easaontaigh go ndéanann an Garda Síochána Ionadaíocht do Phobail Éagsúla – Tuairimí faoin mBealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine agus faoina Sheirbhís**



Nuair a chaithimid súil ar náisiúnaigh neamh-Éireannacha a d'easaontaigh go ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do phobail éagsúla (Fíor 27), ba dhóchúil gur dhearcthaí diúltacha a bhí ann i dtrí cinn de na sé ráiteas. Mar shampla, d'easaontaigh 51 faoin gcéad faoi seach go gcaithfeadh Gardaí leo go cothrom nó gur féidir brath orthu a bheith ann in am an ghéitair, d'aontaigh 60 faoin gcéad go bhfuil caidreamh pobail leis na Gardaí lag (ba iad na figiúirí seo sa phríomhshampla 75%, 72% agus 40%).



# Caibidil CEATHAIR

## Tuairimí faoi Sholáthar Seirbhíse

- 4.1 Tuairimí faoi Infheictheacht agus Láithreach an Garda Síochána
- 4.2 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine






43%

Tá 43% feasach ar phatróil an Gharda Síochána, ar laghdú é seo anuas ó 49% in 2021

45%



BHÍ 45% FAOIN TUAIRIM GO BHFUIL LÁITHREACT AN GHARDA SÍOCHÁNA 'CEART GO LEOR'



Feiceann 52% Gardaí go rialta i mbun patrólú i ngluaisteán, agus feiceann 7% Gardaí go rialta i mbun patrólú ar chos



**Dearcthaí freagróirí:**  
Cheap 83% go gcaithfí leo le meas; bhraith 63% go gcaithfeadh Gardaí go cothrom leo ('aontaím go tréan' agus 'aontaím' i dteannta a chéile, freagairtí 'ní fios' san áireamh).

73%

Bhí 73% d'fhreagróirí a rinne teagmháil éigin le Gardaí sásta leis an tseirbhís



Fiosraítear dearcthaí faoi ghnéithe áirithe de sheirbhís an Gharda Síochána sa chaibidil seo – infheictheacht agus leordhóthanacht láithreach an Gharda Síochána laistigh de phobail, anuas ar dhearcthaí ar conas a bhraitheann freagróirí go gcaithfeadh Gardaí leo dá ndéanfaidís teagmháil leo. Anuas air sin, déantar scrúdú níos grinne ar chaidreamh pobail an Gharda Síochána.

Mar sin, cad a thugann an suirbhé le fios dúinn? In ainneoin gur tháinig laghdú in 2022, is airde na leibhéil feasachta ar phatróil an Gharda Síochána ná mar a bhí siad in 2018 agus 2019. Faoi mar a bhí i gceist in 2021, bhraith an chuid ba mhó de dhaoine go ndearnadh na patróil seo i ngluaisteáin agus gurbh annamh a rinneadh iad ar chos. Cosúil leis an mbliain 2021, bhraith breis agus leath na bhfreagróirí (54%) go bhfuil láithreach an Gharda Síochána ina bpobail 'neamhleor', cé gur tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo ó 2018 (61%). Bhí 73 faoin gcéad d'fhreagróirí a rinne teagmháil éigin le Gardaí sa tréimhse 12 mhí roimh an suirbhé (16% den sampla) sásta leis an tseirbhís a fuair siad. Ba dhearfach do na dearcthaí gur chaith Gardaí leo go cothrom agus le meas, agus baineadh leibhéil chomhaontaithe amach sa tromlach (idir 72% agus 76%) le ráitis faoi sheirbhís an Gharda Síochána a soláthraíodh do phobail áitiúla i dtaobh iontaofachta, éisteacht le agus dul i ngleic le buarthaí pobal. D'eaontaigh seasca faoin gcéad go bhfuil caidreamh pobail an Gharda Síochána lag, agus d'aontaigh 41 faoin gcéad.


## 4.1 Tuairimí faoi Infheictheacht agus Láithreachacht an

### 4.1.1 Feasacht ar phatróil an Gharda Síochána


Nuair a dhéantar breithniú air ó thaobh tuairim náisiúnta, tugtar faoi deara go raibh 43 faoin gcéad d'fhreagróirí feasach ar phatróil an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla in 2022, agus nár bh fhios do 6 faoin gcéad. Thug caoga a haon faoin gcéad le fios nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána. Thug freagróirí i gConnachta nó Ulaidh an fheasacht ba mhó ar phatróil an Gharda Síochána le fios (56 faoin gcéad), agus thug na freagróirí siúd i mBaile Átha Cliath an fheasacht ba lú le fios (35 faoin gcéad) (féach Fíor 28).

Chun tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí an phobail faoi phatróil agus infheictheacht an Gharda Síochána, cuireadh gné bhreise le suirbhé 2021, agus bhí an ghné seo le sonrú in 2022. Baineann seo to conas a cheapann freagróirí go dtugtar faoi phatróil an Gharda Síochána (ar chos, i ngluaisteán nó ar rothar). Thug freagróirí feasacht ní ba mhó le fios in 2022, faoi mar a rinne siad in 2021, ar Ghardaí i ngluaisteán patróil (thug 52% le fios go bhfeiceann siad Gardaí go rialta i ngluaisteán), i gcomparáid le Gardaí ar chos (7%) nó ar rothar (2%). Thug sé déag faoin gcéad le fios go bhfeiceann siad Gardaí uaireanta agus patrólú ar chos á dhéanamh acu, agus thug 59 faoin gcéad le fios nach bhfaca siad é seo riamh (féach Fíor 29).

**Fíor 28: Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána go Náisiúnta agus go Réigiúnach**




**Fíor 29: Tuairim faoi Mhnicíocht an Phatróil ar Chos, ar Rothar agus i nGluaisteán go Náisiúnta**



### 4.1.2 Cén t-athrú a tháinig ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána le cúig bliana anuas?

Faoi mar a thugtar chun solais i bhfíor 30, tháinig méadú ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána gach bliain idir 2018 agus 2021 (38%, 39% agus 49%, faoi seach) (D'fhéadfadh gurbh iarmhairt na bpatról méadaithe i rith Covid-19 a bhí san fheasacht mhéadaithe in 2021). Ach tháinig laghdú 6 phointe céatadán ar fheasacht in 2022 anuas go dtí 43 faoin gcéad (a léiríonn feasacht níos mó go fóill ná mar a bhí i mblianta roimhe seo (féach Fíor 30).

**Fíor 30: Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána (gan 2022 a áireamh)**




### 4.1.3 An imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar phatróil an Gharda Síochána?

I dtaobh coireacht náisiúnta, de réir mar a tháinig laghdú ar thuairimí faoi thromchúis fhadhb na coireachta, tháinig méadú ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána, agus thug iad siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht náisiúnta an fheasacht ba mhó, 56 faoin gcéad, le fios. Ar an gcuma chéanna, thug na freagróirí siúd a cheap gur 'fadhb ar bith' nó 'fadhb éigin' an choireacht áitiúil an fheasacht ba mhó le fios ar phatróil an Gharda Síochána (45% agus 49% faoi seach). Thug sciar mór d'fhreagróirí (67%) a cheap gur 'fadhb an-tromchúiseach' atá sa choireacht áitiúil le fios nach raibh siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (féach Fíor 31).




**Fíor 31: Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána agus tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta agus Áitiúil**



**4.1.4 An imríonn leibhéil iontaoibhe tionchar ar fheasacht ar phatróil an Gharda Síochána?**

Faoi mar a bhí i gceist le gnéithe eile de sholáthar seirbhíse, d’imir iontaoibh as an nGarda Síochána tionchar ar thuairimí faoi phatróil an Gharda Síochána Léirigh freagróirí a thug le fios go bhfuil ‘iontaoibh ard’ acu as an nGarda Síochána an fheasacht ba mhó le fios ar phatróil an Gharda Síochána (55 faoin gcéad). Ar an taobh eile den phingin, ba dhóchúla go dtabharfaidís siúd a bhfuil ‘iontaoibh íseal’ acu le fios nach bhfuil siad feasach ar phatróil an Gharda Síochána (74%) (féach Fíor 32).

**Fíor 32: Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána, de réir iontaoibh as an nGarda Síochána**




**Tuairimí faoi Láithreacht an Gharda Síochána**

**4.1.5 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána**

I dtaobh dearcthaí freagróirí ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ina bpobail áitiúla ‘leordhóthanach’, bhraith 54 faoin gcéad go bhfuil sí ‘neamhleor’. Cé gur léiríodh méadú 1 faoin gcéad ó 2021, tá laghdú ag teacht, go ginearálta, ar an bhfigiúr seo le tréimhse cúig bliana anuas, ó 61 faoin gcéad in 2018 (féach Fíor 33).

Ba iad na príomhchúiseanna a luadh gur braitheadh go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána neamhleor ná ‘ní fheictear Gardaí riamh nó is annamh go bhfeictear Gardaí’ (61%), ‘ní fheictear Gardaí ach i ngluaisteáin’ (38%), nó ‘ní fheictear Gardaí ar chos’ (20%). Nuair a ceapadh go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána ‘ceart go leor’, ba iad na príomhchúiseanna a luadh bhí leis seo ná ‘níl mórán coireachta ann’ (56%), nó ‘feictear Gardaí ag patrólú i ngluaisteáin’ (27%) (Táblaí 8 agus 9).

**Fíor 33: Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána sa Cheantar Áitiúil 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**



**Tábla 8: Na Cúiseanna go bhfuil Láithreach an Gharda Síochána Áitiúil 'Neamhleor'**

Cúiseanna go bhfuil láithreach an Gharda Síochána áitiúil 'neamhleor'	%
Ní fheictear Gardaí riamh nó is annamh a fheictear Gardaí/easpa Gardaí	61%
Ní fheictear Gardaí ach i ngluaisteáin	38%
Níl dóthain Gardaí ann nó ní fheictear Gardaí ar chos	20%
Ní fheictear Gardaí ach nuair a bhíonn coireacht agus trioblóid ann	19%
Bhíodh ní ba mhó Gardaí ann	17%
Moill ar fhreagairt	15%
Tugaim coireacht faoi deara, ach ní fheicim aon Gardaí	12%
Tá an stáisiún Gardaí dúnta nó níl sé ar oscailt ach go páirtaimseartha	11%
Ba cheart íomhá dhearfach a chruthú, anuas ar fhreagairt don choireacht	10%
Ba cheart do Gardaí buaileadh isteach chuig daoine scothaosta/níl dóthain Gardaí ann le buaileadh isteach chuig daoine scothaosta	8%
Eile	8%
Ní féidir le Gardaí aon rud a dhéanamh	7%
Braitear an iomad ar cheamaraí	6%
Níl dóthain á dhéanamh faoi dhrochíde sa teaghlach/níl tacaíocht ar fáil do dhrochíde sa teaghlach	5%
Níl dóthain á dhéanamh faoi chionta tráchtá (tiomáint ar luas san áireamh)	4%


**Tábla 9: Na Cúiseanna a luadh go bhfuil Láithreach an Gharda Síochána Áitiúil 'Ceart go leor'**

Cúiseanna go bhfuil láithreach an Gharda Síochána áitiúil 'ceart go leor'	%
Níl mórán coireachta ann	56%
Feictear Gardaí ag patrólú i ngluaisteáin	27%
Feictear minic go leor iad	26%
Ní gá iad a fheiceáil an t-am go léir	17%
Tá stáisiún Gardaí i ngar	15%
Tá rátaí coireachta ag feabhsú	7%
Tá sé iomarcach an iomad Gardaí a fheiceáil	6%
Eile	4%
Feictear Gardaí ar chos	3%

#### 4.1.6 An imríonn eagla roimh choireacht tionchar ar fheasacht ar phatról an Gharda Síochána/thuairimí faoi láithreach an Gharda Síochána?

Faoi mar a léirítear i bhFíor 34, d'imir eagla roimh choireacht tionchar diúltach ar fheasacht ar phatról an Gharda Síochána, agus ar dhearcthaí faoi cibé acu an leor nó neamhleor láithreach an Gharda Síochána i gceantair áitiúla. Mar shampla, ní raibh an dóchúlacht chéanna ann go mbeidís siúd a thug le fios go raibh 'go leor eagla' orthu roimh choireacht feasach ar phatról an Gharda Síochána (34%), i gcomparáid le 47 faoin gcéad a raibh 'eagla ar bith' orthu. Ar an gcuma chéanna, thug iad siúd ar a raibh 'go leor eagla' roimh choireacht le fios go raibh láithreach an Gharda Síochána 'neamhleor' (82%), agus ba mhó an líon sin ná ina measc siúd a raibh 'eagla ar bith' orthu (41%).

**Fíor 34: Feasacht ar Phatról/Láithreach an Gharda Síochána de réir Eagla roimh Choireacht**



\*Ní chuirtear an rogha freagartha 'an iomad' san áireamh sa chairt thuas, mar gheall gurbh ionann líon na gceall agus níos lú ná 30

#### 4.1.7 Teagmháil leis an nGarda Síochána


Thug tromlach mór na bhfreagróirí (84%) i suirbhé 2022 le fios go ndearna siad teagmháil ar bith leis an nGarda Síochána sna 12 mhí roimhe sin (líon = 6,467). As na 16 faoin gcéad (líon = 1,232) a rinne teagmháil éigin, chuir 12 faoin gcéad díobh tús leis an teagmháil iad féin, agus chuir Garda tús leis an teagmháil i gcás 4 faoin gcéad.

As na freagróirí siúd a rinne teagmháil éigin, thug 47 faoin gcéad le fios go ndearna siad é seo ar an nguthán (níor glaoth ar 999 nó 112), agus thug 36 faoin gcéad le fios gur 'cuairt ar Stáisiún Gardaí' a bhí i gceist leis seo (féach Fíor 36 chun teacht ar mhiondealú iomlán).


Faoi mar a thugtar chun solais i bhfíor 37, as na 1,232 freagróir a rinne teagmháil éigin, bhí 73 faoin gcéad 'an-sásta' nó 'sásta go leor' leis an teagmháil is déanaí leis an nGarda Síochána, nuair a chuir siad féin tús leis an teagmháil. B'ionann an figiúr seo agus 80 faoin gcéad ina

measc siúd ar thosaigh Garda an teagmháil leo. I dtaobh saghas teagmhála agus tionchar ar leibhéal sásaimh leis an teagmháil sin, léirigh 79 faoin gcéad sásamh leis an teagmháil nuair a thug siad cuairt ar stáisiún Gardaí, agus bhí 66 faoin gcéad sásta nuair ba ghloch gutháin ar Gharðaí (seachas 999 nó 112) a bhí sa teagmháil (féach Fíor 38 - níorbh fhéidir anailís a dhéanamh ar na trí shaghas eile teagmhála mar gheall ar chomhairimh ísle cheall.


**Fíor 35: Freagróirí a rinne teagmháil leis an nGarda Síochána**




**Fíor 36: An Bealach a rinneadh an Teagmháil is Déanaí leis an nGarda Síochána**



**Fíor 37: Sásamh leis an Teagmháil is Déanaí leis an nGarda Síochána**




**Fíor 38: Sásamh leis an tSeirbhís, de réir Shaghas na Teagmhála**



#### 4.1.8 An imríonn saghas na teagmhála tionchar ar leibhéal iontaoibhe?

Faoi mar a thugtar chun solais i bhFíor 39, ba dhóchúla go mbeadh leibhéal iontaoibhe níos ísle as an nGarda Síochána ag freagróirí a rinne aon teagmháil leis an nGarda Síochána nó a chuir tús le teagmháil leis an nGarda Síochána iad féin, nuair a chuirtear iontaoibh idir meánach agus ard san áireamh le chéile (60% agus 56% faoi seach), i gcomparáid leo siúd a rinne teagmháil ar bith (53%).


**Fíor 39: Iontaoibh as an nGarda Síochána, de réir Teagmháil leis an Eagraíocht**



#### 4.1.9 An imríonn teagmháil leis an nGarda Síochána tionchar ar shásamh leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla?

Ba dhóchúla go bhfeabhsódh teagmháil ar bith a dhéanamh leis an nGarda Síochána sásamh leis an tseirbhís a sholáthraítear do phobail áitiúla. Faoi mar a thugtar chun solais i bhFíor 40, thug freagróirí a rinne teagmháil ar bith leis an nGarda Síochána na leibhéil sásaimh ab airde le fios (76%) nuair a chuirtear 'an-sásta' agus 'sásta go leor' le chéile i dteannta le chéile, i gcomparáid leo siúd a chuir tús leis an teagmháil iad féin (67%) nó iad siúd inar chuir an Garda Síochána tús leis an teagmháil leo (66%).

#### Fíor 40: Sásamh leis an tSeirbhís a sholáthraítear do Phobail Áitiúla, de réir Teagmháil leis an nGarda Síochána



#### 4.1.10 An imríonn saghas na teagmhála tionchar ar thuairimí faoin nGarda Síochána?

Ba dhearfaí dearcthaí faoin nGarda Síochána i measc gach cinn de na sé limistéar nuair a rinne freagróirí teagmháil ar bith leo sa tréimhse 12 mhí roimhe sin. I dtaobh teagmháil a thosaigh tú féin nó a thosaigh Garda, tugtar faoi deara ó thábla 10 gur dhóchúla go gceapfadh freagróirí a thosaigh an teagmháil iad féin (86%) go raibh Gardaí cairdiúil nó cabhrach, ná iad a ndearnadh teagmháil leo a thosaigh Garda (75%). B'airde na leibhéil chomhaontaithe, áfach, leis na ráitis faoin nGarda Síochána go bhfuil sé nua-aimseartha agus céimnitheach, dea-bhainistithe agus éifeachtach i gcomhrac na coireachta ina measc siúd a ndearnadh teagmháil leo a thosaigh an Garda Síochána, i gcomparáid leo siúd a thosaigh an teagmháil iad féin.

Tábla 10: Tuairimí faoin nGarda Síochána (leibhéil chomhaontaithe) de réir Saghas Teagmhála

Tuairimí faoin nGarda Síochána	Aon teagmháil a thosaigh an duine féin	Aon teagmháil a thosaigh an Garda	Teagmháil ar bith
Dírthe ar an bpobal	67%	67%	74%
Nua-aimseartha nó céimnitheach	63%	70%	75%
Cairdiúil nó cabhrach	86%	75%	89%
Dea-bhainistithe	56%	64%	69%
Éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcoireacht	58%	64%	66%
Dírthe ar chearta daonna	75%	71%	80%

## 4.2 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána


Príomhthomhas sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail de chuig an Gharda Síochána iad dearcthaí an phobail i leith caitheamh ionchasach ag Gardaí dá ndéanfaidís teagmháil leo ar chúis ar bith – cibé acu an féidir nó nach féidir súil a bheith acu go gcaithfear go cothrom agus le meas leo. De bhreis air sin, deimhnítear dearcthaí faoi sheirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla trí cheithre cheist a bhaineann le hiontaofacht Gardaí, caidreamh pobail an Gharda Síochána agus cibé acu Gardaí an éisteann agus an dtéann Gardaí i ngleic le limistéir bhuartha laistigh de phobail.

#### 4.2.1 An Bealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine


Faoi mar a bhí i gceist in 2021, bhí dearcthaí freagróirí i suirbhé 2022 dearfach i dtaobh an bhealaigh a mbíonn súil leis go gcaitear le daoine sa chás go ndéanann siad le Gardaí ar chúis ar bith, agus bhí seo le sonrú ach go háirithe i measc leibhéil chomhaontaithe freagróirí ('aontaím go tréan' agus 'aontaím') a thug le fios go gcaithfí leo le meas (90% nuair a fhágtar freagairtí 'ní fios' as an áireamh; 83% nuair a chuirtear san áireamh iad). I dtaobh caitheamh cothrom, d'aontaigh 75 faoin gcéad nuair a fágadh 'Ní fios' as an áireamh ón anailís (63% nuair a cuireadh san áireamh é). Ba dhearfach freisin do leibhéil aontaithe leis na ráitis eile (cuirtear torthaí i láthair anseo agus freagairtí 'ní fios' á gcur san áireamh. Féach Fíor 41 agus 42 chun teacht ar an anailís iomlán):

- Is féidir brath ar na Gardaí sa cheantar seo a bheith ann in am an ghátair ('aontaím go tréan' nó 'aontaím' - 72%).
- Tá caidreamh pobail leis na Gardaí lag ('easaontaím go tréan' nó 'easaontaím' - 60%).
- Éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla ('aontaím go tréan' nó 'aontaím' - 76%).
- Tá na Gardaí ag déileáil le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil ('aontaím go tréan' nó 'aontaím' - 72%).


**Fíor 41: Ráitis maidir le Comhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine (Cuid 1)**




**Fíor 43: Chaitheadh na Gardaí leat le Meas dá ndéanfá Teagmháil leo ar Chúis ar bith, 2018-2022 (gan 2020 a áireamh)**



**Fíor 42: Ráitis maidir le Comhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine (Cuid 2)**



**Fíor 44: Caitheann na Gardaí sa Cheantar seo le Gach Duine go Cothrom gan Aird ar cé hiad féin, 2018-2022 (gan 2022 a áireamh)**



**4.2.2 Cén t-athrú atá tagtha ar thuairimí faoi Ghardaí le roinnt blianta anuas?**

Nuair a scrúdaímid leibhéil chomhaontaithe le tréimhse cúig bliana anuas go gcaithfeadh Gardaí leat le meas (gan 'ní fios' a áireamh), nochtar i bhFíor 43 gur tháinig laghdú ar leibhéil bliain ar bhliain ó 2018 (93%, 95%, 91% agus 90% faoi seach), cé go bhfuil dearthaí an-dearfach go fóill. Is íle do leibhéil chomhaontaithe i gcás dearthaí i leith caitheamh cothrom ag Gardaí, ach is dearfach go fóill iad, idir 75 faoin gcéad in 2022 agus 86 faoin gcéad in 2019 (Fíor 44).

Tá laghdú tagtha ar leibhéil aontaithe leis na ráitis seo a leanas ó 2021, cé go bhfuil siad i measc an fhorhmór go fóill:

- Is féidir brath ar na Gardaí a bheith ann in am an ghátair (ó 77% go 72%).
- Éisteanann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla (ó 80% go 76%).
- Déileálann na Gardaí le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil (77% go 74%).

Ó thaobh caidreamh pobail an Gharda Síochána a bheith lag, tháinig laghdú ar leibhéil *aontaithe* anuas ó 34 faoin gcéad in 2021 go dtí 41 faoin gcéad in 2022.




Tábla 11: Dearthaí ar Sholáthar Seirbhíse, 2018-2022 (excluding 2020)

Is féidir a bhrath ar na Gardaí a bheith ann in am an ghátair					
	2018	2019	2020	2021	2022
Aontaím go tréan	12%	12%		17%	11%
Aontaím	63%	64%		60%	61%
Easaontaím	20%	17%		17%	21%
Easaontaím go mór	5%	6%		6%	7%
Tá Caidreamh Pobail leis an bPobal áitiúil lag					
	2018	2019	2020	2021	2022
Aontaím go tréan	7%	5%		7%	7%
Aontaím	30%	26%		27%	34%
Easaontaím	42%	47%		38%	42%
Easaontaím go mór	22%	23%		29%	18%
Éistean Gardaí le buarthaí daoine áitiúla					
	2018	2019	2020	2021	2022
Aontaím go tréan	12%	14%		15%	8%
Aontaím	71%	72%		65%	68%
Easaontaím	13%	10%		15%	19%
Easaontaím go mór	5%	4%		5%	5%
Déileálann na Gardaí leis na rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil					
	2018	2019	2020	2021	2022
Aontaím go tréan	17%	18%		14%	8%
Aontaím	41%	47%		63%	66%
Easaontaím	33%	29%		17%	20%
Easaontaím go mór	9%	7%		6%	6%

#### 4.2.3 Conas a imríonn tuairimí faoin gcoireacht tionchar ar thuairimí faoin mbealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine?

Den chuid is mó, d'imir tuairimí go bhfuil an choireacht náisiúnta agus áitiúil tromchúiseach tionchar diúltach ar leibhéal aontaithe le cibé acu an gcaithfeadh nó nach gcaithfeadh Gardaí leat le meas agus le cothroime. Faoi mar a thugtar chun solais i bhfíor 45, de réir mar a thagann laghdú ar dhearthaí ar thromchúis na coireachta náisiúnta agus áitiúla, téann leibhéal aontaithe leis go gcaithfeadh Gardaí leat le meas agus le cothroime in airde. Mar shampla, i dtaobh go gcaithfeadh Gardaí leat le meas, ba dhóchúla go n-aontóidís siúd leis an ráiteas seo (93%) a cheap gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil i gcomparáid leo siúd a cheap gur fadhb 'an-tromchúiseach' (75%) í.


#### Fíor 45: Dearthaí faoin mBealach a Chaitheann Gardaí le Daoine de réir Tuairimí faoin gCoireacht



#### 4.2.4 Conas a imríonn leibhéal sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do phobal áitiúla tionchar ar thuairimí faoin mbealach a chaitheann an Garda Síochána le daoine?



Tá caidreamh soiléir idir sásamh le seirbhís an Gharda Síochána agus leibhéal aontaithe leis na ráitis a bhaineann le caitheamh le meas agus cothrom ag Gardaí - de réir mar a théann sásamh in ísle, téann leibhéal aontaithe leis an dá ráiteas in ísle freisin - níor dhóchúil céanna go n-aontódh freagróirí leis go gcaithfeadh Gardaí leat le meas, nó go gcaithfidís le gach duine go cothrom. Léirítear sampla an-soiléir de seo nuair a dhéanaimid breithniú ar chaitheamh cothrom. As na freagróirí a bhí 'an-mhíshásta' le seirbhís an Gharda Síochána, bhraith 35 faoin gcéad go gcaithfeadh Gardaí leo go cothrom. Tháinig méadú ar an bhfigiúr seo anuas go 92 faoin gcéad ina measc siúd a bhí 'an-sásta'.

#### Fíor 46: Sásamh le Seirbhís an Gharda Síochána de réir tuairimí faoin mBealach a Chaitear le Daoine



# Caibidil CÚIGE

Roghbhlúire  
Dhéimeagrafach



Chun tuiscint níos fearr a fháil ar dhearcthaí phobal na hÉireann, fiosraítear sa chaibidil seo príomhthéamaí na tuarascála de réir inscne, aoise agus náisiúntachta. Cuirtear anailís bhreise ar fáil in Aguisín 2, ina bhfiosraítear na téamaí seo de réir grúpáil aicme sóisialta agus deighilt uirbeach/tuaithe.

Mar sin, cad a thugann an suirbhé le fios dúinn? Ba dhóchúla go gceapfadh aoisghrúpaí níos sine gur fadhb thromchúiseach an choireacht náisiúnta ná mar a cheapfaidís siúd in aoisghrúpaí níos óige. Ba dhóchúla go measfaidís siúd, i dteannta daoine 18-24 bliain d'aois, gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil, áfach. Bhí eagla níos mó roimh choireacht i measc freagróirí níos sine ná mar a bhí ina measc siúd in aoisghrúpaí níos óige. Ar an gcuma chéanna, ba é an grúpa seo ba dhóchúla a thabharfadh le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha. Ba dhóchúla go dtabharfadh mná freisin leibhéil níos airde d'eagla roimh choireacht, agus de thionchar ar a gcaighdeán beatha.

B'airde sásamh leis an nGarda Síochána ina measc siúd 18-24 bliain d'aois agus iad siúd 65+ bliain d'aois, agus thug beagnach 50 faoin gcéad de mhná ardleibhéil iontaoibhe le fios (i gcomparáid le 44% d'fhir).

Bhí cohóirt níos óige níos feasaí ar phatróil an Gharda Síochána agus ba dhóchúla go gceapfaidís go raibh an láithreach seo 'ceart go leor'. Go ginearálta, bhí na dearcthaí ba dhearfaí faoin eagraíocht acu siúd 65+ bliain d'aois agus ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha, nuair i gcomparáid iad le grúpaí níos óige agus le náisiúnaigh Éireannacha faoi seach.

## 5.1 Tuairimí faoin gCoireacht



Bhí tuairimí an-chosúla ag fir agus mná faoi thromchúis na coireachta náisiúnta agus áitiúla, cé go raibh roinnt difríochtaí ann. Mar shampla, bhí dóchúlacht 5 faoin gcéad níos mó ann go gceapfadh mná gur 'fadhb thromchúiseach' an choireacht náisiúnta, i gcomparáid le fir (toradh lena mbaineann tábhacht staitistiúil), agus ba dhóchúla go gceapfadh fir gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil (ní bhaineann tábhacht staitistiúil leis).



De réir mar a chuaigh aois i méid, is amhlaidh freisin go ndeachaigh tuairimí i méid gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht náisiúnta. Ba dhóchúla go mbeadh an tuairim seo acu siúd 65 bliain d'aois agus níos sine – 84 faoin gcéad – 11 faoin gcéad níos mó ná an sampla iomlán. Go deimhin, bhí difríochtaí suntasacha ann idir dearcthaí an chohóirt aoise seo, nuair a chuirtear i gcomparáid é le haoisghrúpaí eile. Mar shampla, bhí 40 faoin gcéad faoin tuairim gur 'fadhb an-tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, i gcomparáid le 19 faoin gcéad díobh siúd 18-24 bliain d'aois. I gcodarsnacht leis sin, nuair a cuireadh coireacht áitiúil san áireamh, ba dhóchúla go measfaidís siúd 65 bliain d'aois agus níos sine, i dteannta daoine 18-24 bliain d'aois, gur 'fadhb ar bith' é seo.




Ní raibh an dóchúlacht chéanna ann, ach chomh beag, go gceapfadh náisiúnaigh neamh-Éireannacha gur fadhb atá sa choireacht náisiúnta agus áitiúil, i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha. Cheap caoga a cúig faoin gcéad de náisiúnaigh neamh-Éireannacha gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, i gcomparáid le 75% de náisiúnaigh Éireannacha.


Ar an gcuma chéanna, cheap 53 faoin gcéad de náisiúnaigh neamh-Éireannacha gur 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil, i gcomparáid le 44 faoin gcéad de náisiúnaigh Éireannacha - is torthaí iad seo atá tábhachtach ó thaobh cúrsaí staitistiúla.




### Inscne




### Age - Perceptions of Local Crime by Age



### Aois



### Náisiúntacht



## 5.2 Tosaíochtaí Póilíneachta<sup>8</sup>

Rinneadh cionta gnéasacha, drochíde sa teaghlach agus gáinneáil ar dhaoine a aicmiú mar rudaí a dtugann an Garda Síochána céadtús dóibh i measc na gcatagóirí déimeagrafacha go léir.

Gan aird ar inscne, aois nó náisiúntacht, tugadh an tús áite ba mhó do chionta gnéasacha, agus an dara tús áite ba mhó do dhrochíde sa teaghlach, gáinneáil ar dhaoine agus ionsaithe (seachas i gcás náisiúnaigh neamh-Éireannacha, a rangaigh drochíde sa teaghlach mar an rud a dtugann siad céadtús áite dó, agus iad siúd 45-50 bliain d'aois, a rangaigh gáinneáil ar dhaoine mar a gceathrú tús áite). Tugadh an tús áite ba lú i measc na gcatagóirí do chionta tráchta, ord poiblí agus sábháilteacht ar bhóithre, cé gur mheas go leor daoine go bhfuil siad tábhachtach.






### Tosaíochtaí Póilíneachta - Inscne/Aois/Náisiúntacht

	Tosaíochtaí Póilíneachta	Inscne		Aois						Náisiúntacht	
		Fir	Bainneann	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire	Neamh-Éireannach
	Cionta Gnéasacha	1	1	1	1	1	1	1	1	1	1
	Drochíde sa Teaghlach	2	2	2	2	2	2	2	2	2	1
	Gáinneáil ar Dhaoine	3	3	3	3	3	4	3	3	3	3
	Ionsaithe	4	3	4	3	3	3	4	4	4	3
	Airm Neamhdhleathacha	5	5	5	5	5	5	4	6	5	5
	Buirgléireacht	6	7	6	6	6	7	7	7	6	7
	Cionta Drugaí	8	6	10	9	8	6	6	4	7	6
	Robálacha	7	8	7	6	6	8	7	8	7	8
	Coireacht Fuatha	9	8	8	8	9	9	9	9	9	9
	Díobháil Choiriúil	10	10	9	10	10	11	11	10	10	10
	Calaois	10	11	11	11	11	10	10	11	10	11
	Sábháilteacht ar Bhóithre	12	12	12	12	12	12	12	12	12	12
	Cionta Oird Phoiblí	13	13	13	13	13	13	13	13	13	13
	Traffic Offences	14	14	14	14	14	14	14	14	14	14

<sup>8</sup> Lena dheimhniú an raibh nó nach raibh aon difríochtaí i measc grúpálacha déimeagrafacha, sannadh céimeanna do thosaíochtaí. Sannadh 'uimhir a haon' don tosaíocht lenar bhain an céatadán ab airde agus sannadh 'uimhir a haon déag' don cheann ab ísle. Bronnadh an scór céanna céime orthu siúd a raibh an t-uailú céanna acu.

### 5.3 Eagla roimh Choireacht

	<p>Bhí níos mó eagla roimh choireacht ar mhná ná fir, agus thug 41 faoin gcéad díobh go bhfuil 'go leor eagla' nó 'eagla éigin' orthu (32% i gcás fear) (bhain tábhacht staitistiúil leis seo) – 5 pointe céatadán níos airde ná an sampla iomlán. Ar an gcuma chéanna, thug comhréir ní ba mhó d'fhir (63%) le fios nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar a gcaighdeán beatha ná mar a thug mná (53%) (ba é an figiúr seo 58% nuair a cuireadh an sampla iomlán san áireamh).</p>
	<p>Bhí an eagla ba mhó roimh choireacht ar fhreagróirí 45 bliain d'aois agus níos sine (thug 39% nó níos mó le fios go bhfuil 'go leor eagla' nó 'eagla éigin' orthu). Bhí an dóchúlacht ba lú ann go dtabharfadh daoine 18-24 bliain d'aois (28%) é seo le fios.</p> <p>Ar an gcuma chéanna, bhí an dóchúlacht ba lú ann go dtabharfaidís siúd san aoisghrúpa 55 bliain agus níos sine le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha (55%), agus ba dhóchúla go mbeadh an dearcadh seo ag daoine 18-24 bliain d'aois (65%).</p>
	<p>Thug náisiúnaigh neamh-Éireannacha leibhéil níos ísle d'eagla roimh choireacht le fios i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha.</p> <p>Bhí dóchúlacht beagán ní ba lú ann, mar sin féin, go dtabharfadh an grúpa seo le fios gur imir eagla roimh choireacht tionchar ar bith ar chaighdeán na beatha, i gcomparáid le náisiúnaigh Éireannacha.</p>

#### Eagla roimh Choireacht




	Inscne		Aois						Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éirean-nach	Neamh-Éireannach
Go leor eagla	5%	10%	3%	6%	7%	8%	9%	10%	8%	7%
Eagla éigin	27%	31%	25%	30%	27%	31%	31%	30%	29%	27%
Fíor-bheagán eagla	30%	29%	29%	28%	30%	31%	31%	28%	30%	28%
Eagla ar bith	39%	30%	44%	37%	37%	30%	29%	32%	33%	39%

#### Inscne/Aois/Náisiúntacht - Tionchar na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán na Beatha


	Inscne		Aois						Náisiúntacht	
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éirean-nach	Neamh-Éireannach
Caighdeán laghdaithe an-mhór	1%	2%	-	-	-	-	-	2%	2%	-
Caighdeán laghdaithe go mór	4%	5%	4%	4%	5%	5%	4%	5%	4%	5%
Caighdeán laghdaithe go measartha	13%	17%	13%	15%	14%	16%	17%	16%	15%	16%
Caighdeán laghdaithe beagán	19%	23%	18%	21%	22%	21%	22%	22%	21%	21%
Tionchar ar bith ar chaighdeán	63%	53%	65%	59%	59%	56%	55%	55%	58%	55%




## 5.4 Sásamh le Seirbhís an Gharda Síochána do Phobail Áitiúla

	<p>Cé gurbh airde leibhéil sásaimh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla i measc fear, ná mar a bhí i measc ban (77% i measc fear nuair a cuireadh 'an-sásta' agus 'sásta go leor' san áireamh i dteannta a chéile, in aghaidh 73% i measc ban).</p>
	<p>Nuair a leantar leis an meascán seo a scrúdú i leith aoise, thug iad siúd 18-24 bliain, agus 65 bliain agus níos sine na leibhéil sásaimh ab airde le fios (80% agus 78% faoi seach). Ba iad na freagróirí sna haoischatagóirí 45-54 bliain agus 55-64 bliain ba lú ba shásta, agus bhí 28 faoin gcéad 'míshásta go leor' nó 'an-mhíshásta', faoi seach.</p>
	<p>Léirigh náisiúnaigh neamh-Éireannacha leibhéil sásaimh ní b'airde ná náisiúnaigh Éireannacha (sásamh 76%, i gcomparáid le 70%). Bhain tábhacht staitistiúil le torthaí a bhaineann le haois agus náisiúntacht.</p>


### Inscne






### Náisiúntacht




### Aois





## 5.5 Iontaoibh as an nGarda Síochána

	<p>Thug mná leibhéil iontaoibhe ní b'airde le fios as an nGarda Síochána ná fir, agus thug beagnach 50 faoin gcéad de mhná ardiontaoibh le fios (44% i measc fear) – baineann tábhacht staitistiúil leis seo.</p>
	<p>De réir mar a chuaigh aois freagróirí in airde, b'amhlaidh freisin go ndeachaigh 'iontaoibh ard' in airde freisin, agus tháinig laghdú ar leibhéil 'iontaoibh mheánach'. Thug iad siúd 65 bliain d'aois agus níos sine na leibhéil ab airde de 'iontaoibh ard' le fios (64%), i gcomparáid le daoine 18-24 bliain d'aois (33%). Thug seacht déag faoin gcéad díobh siúd 25-64 bliain d'aois iontaoibh íseal as an nGarda Síochána le fios (bhain tábhacht staitistiúil leis na torthaí go léir).</p>
	<p>Ní raibh difríocht shuntasach idir leibhéil iontaoibhe idir náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha – bhí leibhéil iontaoibhe meánaí ag 90 faoin gcéad, faoi seach.</p>




### Inscne






### Náisiúntacht






## 5.6 Tuairimí faoin nGarda Síochána



	<p>Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann idir fir agus mná i dtaobh a dtuairimí faoin nGarda Síochána. Ar aon dul leis an sampla iomlán, ba dhearfach do na dearcthaí, go háirithe maidir le limistéir a bhaineann le bheith dírithe ar chearta daonna agus cairdiúil agus cabhrach.</p>
	<p>Thug freagróirí 65 bliain d’aois agus níos sine na dearcthaí ba dhearfaí i leith an Gharda Síochána le fios, i gcomparáid le grúpaí eile (agus nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an sampla iomlán). Bhí an dóchúlacht ba lú ann ina measc siúd 25-44 bliain d’aois go gcomhaontóidís leis go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe nó éifeachtach i ndul i ngleic leis an gcomhrac, cé go raibh na leibhéil os cionn 60 faoin gcéad go fóill.</p>
	<p>Ba dhóchúla go n-aontódh náisiúnaigh neamh-Éireannacha go bhfuil an Garda Síochána dea-bhainistithe (72%), agus dírithe ar an bpobal (77%), ná náisiúnaigh Éireannacha (67% agus 72%, faoi seach), agus is toradh é seo atá tábhachtach ó thaobh cúrsaí staitistiúla de.</p>





## 5.7 An nDéanann an Garda Síochána Ionadaíocht do Phobail Éagsúla?

	<p>Bhí a mhacasamhail de leibhéil aontaithe le sonrú sa phríomhshampla idir fir agus mná faoi cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na pobail éagsúla ar a bhfreastalaíonn sé (54% agus 52%, faoi seach).</p>
	<p>De réir mar a chuaigh aois in airde, chuaigh leibhéil aontaithe in airde freisin, den chuid is mó, agus bhain tábhacht staitistiúil leis seo, agus léirigh iad siúd 65+ bliain d'aois na leibhéil aontaithe ab airde (59%).</p>
	<p>Ní raibh a fhios ag comhréir ard náisiúnach (25%) an bhfuil nó nach bhfuil an Garda Síochána ionadaíocht (19% do náisiúnaigh Éireannacha). Bhí a mhacasamhail de leibhéil chomhaontaithe le sonrú i measc náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha faoi cibé acu an ndéanann nó nach ndéanann an Garda Síochána ionadaíocht do na Pobail Éagsúla ar a bhfreastalaíonn sé. Bhain tábhacht staitistiúil leis an difríocht seo, áfach.</p>


### Inscne



### Náisiúntacht



### Aois



## 5.8 Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána

Ní raibh difríochtaí idir fir agus mná i dtaobh feasachta suntasach, agus bhí fir 2 faoin gcéad ní b'fheasaí, agus bhí an dá fhigiúir ar aon dul leis an sampla iomlán – 46 faoin gcéad, nuair a fhágtar 'ní fios' as an áireamh. Cé gur thug daoine 18-24 bliain d'aois an fheasacht ba mhó le fios, ba iad siúd 55 bliain d'aois agus níos sine ba lú b'fheasaí (idir 40% agus 41%).

Insce/Aois/Náisiúntacht										
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éire-annach
<b>Feasacht ar Phatróil an Gharda Síochána</b>										
Feasach ar phatróil an Gharda Síochána	47%	45%	54%	49%	49%	45%	40%	41%	45%	52%
Neamhfheasach ar Phatróil an Gharda Síochána	53%	55%	46%	51%	51%	55%	60%	59%	55%	48%

## 5.9 Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána

Ba dhóchúla gur mheas mná i gcohoirt aoise níos sine agus náisiúnaigh Éireannacha go bhfuil láithreacht 'neamhleur' an Gharda Síochána ann i gceantair áitiúla. Cheap comhréir ní ba mhó de mhná (58%), ná fir (50%), go bhfuil láithreacht an Gharda Síochána i gceantair áitiúla 'neamhleur'. Bhí dóchúlacht i bhfad níos lú ann go gceapfaidís siúd 55 bliain d'aois agus níos sine (38%) go raibh an láithreacht seo 'ceart go leor', mar shampla, ná iad siúd 18-24 bliain d'aois (62%). Cheap daichead a sé faoin gcéad de náisiúnaigh neamh-Éireannacha go raibh láithreacht an Gharda Síochána i bpobail áitiúla 'neamhleur', i gcomparáid le 55 faoin gcéad de náisiúnaigh Éireannacha. Bhain tábhacht staitistiúil leis na torthaí go léir.

Insce/Aois/Náisiúntacht										
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éire-annach
<b>Tuairimí faoi láithreacht an Gharda Síochána</b>										
Neamhleur	50%	58%	36%	47%	51%	59%	62%	62%	55%	46%
Ceart go leor	49%	42%	62%	51%	49%	41%	38%	38%	44%	54%
Iomarcach	1%	0%	2%	2%	1%	0%	0%	0%	1%	0%

## 5.10 Chaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith

Bhí leibhéil aontaithe i measc na saintréithe déimeagrafacha go léir ard nuair a fiafraíodh cibé acu an gcaithfeadh nó nach gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith. Ní raibh difríochtaí idir fir agus mná suntasach (89% in aghaidh 91%). De réir mar a chuaigh aois in airde, chuaigh leibhéil aontaithe in airde freisin, den chuid is mó ('aontaím' agus 'aontaím go tréan' i dteannta a chéile), agus bhí an leibhéal ab airde d'aontú ann ina measc siúd 65+ bliain d'aois (94%) (toradh lena mbaineann tábhacht staitistiúil). Ní raibh aon difríocht ann ar leibhéil aontaithe idir Éireannaigh agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha (90% faoi seach)..


Insce/Aois/Náisiúntacht										
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éire-annach
<b>Chaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith</b>										
Aontaím go tréan	21%	23%	16%	19%	23%	20%	24%	26%	22%	20%
Aontaím	68%	68%	69%	69%	67%	69%	67%	68%	68%	70%
Easaontaím	9%	7%	12%	8%	8%	10%	7%	4%	8%	9%
Easaontaím go tréan	3%	3%	4%	4%	3%	1%	2%	2%	3%	2%





### 5.11 Caitheann na Gardaí i mo cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin


Ní raibh difríochtaí idir fir agus mná, agus náisiúnaigh Éireannacha agus náisiúnaigh neamh-Éireannacha ó thaobh leibhéil aontaithe faoi cibé acu an gcaithfeadh nó nach gcaithfeadh Gardaí le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin. Léirigh aoisghrúpaí níos sine na leibhéil aontaithe is airde. Baineann tábhacht staitistiúil leis go raibh difríochtaí ann i measc cohóirt aoise ó thaobh leibhéil aontaithe. Ba dhóchúla go n-easaontódh cohóirt níos óige leis go gcaithfeadh na Gardaí leat go cothrom. Mar shampla, d'easaontaigh 35 faoin gcéad de dhaoine 18-24 leis an ráiteas seo, i gcomparáid le 16 faoin gcéad díobh siúd 65 bliain agus níos sine, nó 22 faoin gcéad díobh siúd 55-64 bliain d'aois.

 Inisce/Aois/Náisiúntacht										
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-anach	Neamh-Éirean-nach
<b>Caitheann na Gardaí i mo cheantar le gach duine go cothrom gan aird ar cé hiad féin</b>										
Aontaím go tréan	13%	13%	10%	11%	11%	13%	13%	17%	13%	13%
Aontaím	62%	62%	54%	57%	62%	63%	65%	67%	61%	63%
Easaontaím	19%	18%	24%	20%	19%	19%	16%	12%	18%	17%
Easaontaím go tréan	7%	8%	11%	12%	7%	5%	6%	4%	8%	6%



### 5.12 Is féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair

Ba dhóchúla go n-aontóidís siúd 65+ bliain gur féidir brath ar na Gardaí a bheith ann in am an ghátair, i gcomparáid le cohóirt eile aoise. Léirigh fir agus mná a mhacasamhail de dhearcthaí faoi cibé acu an féidir nó nach féidir brath ar na Gardaí a bheith ann in am an ghátair (leibhéil aontaithe 73% agus 71%, faoi seach). Ba dhóchúla gur aontaigh freagróirí 65+ bliain d'aois leis an ráiteas seo (79%), i gcomparáid le, mar shampla, iad siúd 25-34 bliain aois (69%). Bhí a mhacasamhail de dhearcthaí ag náisiúnaigh neamh-Éireannacha agus náisiúnaigh Éireannacha (comhaontú 74% in aghaidh 72%). Bhain tábhacht staitistiúil maidir le torthaí a bhaineann le hinscne agus aois.

 Inisce/Aois/Náisiúntacht										
	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-anach	Neamh-Éirean-nach
<b>Is féidir brath ar na Gardaí i mo cheantar a bheith ann in am an ghátair</b>										
Aontaím go tréan	10%	11%	8%	9%	11%	10%	11%	14%	11%	10%
Aontaím	63%	60%	65%	60%	59%	61%	60%	65%	61%	64%
Easaontaím	21%	21%	20%	22%	23%	23%	22%	17%	21%	21%
Easaontaím go tréan	6%	8%	8%	10%	7%	6%	7%	5%	7%	5%

### 5.13 Tá Caidreamh Pobail leis na Gardaí Lag

Bhí na dearcthaí ba dhearfaí ag freagróirí in aoischatagóirí níos sine maidir le caidreamh pobail an Gharda Síochána. Baineann tábhacht staitistiúil leis gur bhraith níos mó fear (62%) ná ban (58%) go bhfuil caidreamh pobail leis na Gardaí lag. Maidir le haois, bhí dearcthaí dearfacha ag idir 57% i measc daoine 25-34 bliain d'aois agus 63% i measc iad siúd 65 bliain d'aois agus níos sine faoi chaidreamh pobail leis na Gardaí. Bhí na dearcthaí ba dhearfaí faoi seo ag freagróirí níos sine. Ní raibh difríochtaí idir náisiúnaigh Éireannacha agus neamh-Éireannacha suntasach.


**18+**  **Insce/Aois/Náisiúntacht**

	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éirean-nach
<b>Tá Caidreamh Pobail leis na Gardaí Lag</b>										
Aontaím go tréan	6%	8%	6%	7%	7%	8%	7%	6%	7%	6%
Aontaím	33%	35%	37%	37%	33%	34%	32%	32%	34%	33%
Easaontaím	44%	41%	43%	40%	42%	41%	45%	42%	42%	46%
Easaontaím go tréan	18%	17%	15%	17%	19%	17%	16%	21%	18%	16%

### 5.14 Éisteann na Gardaí i mo cheantar le buarthaí daoine áitiúla

**Ba dhearfach do dhearcthaí i measc na gcatagóirí déimeagrafacha go léir faoi 'éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla'.**

Ní raibh difríochtaí idir leibhéal aontaithe idir fir agus mná maidir le cibé acu an éisteann nó nach n-éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla suntasach. Faoi mar a bhí i gceist le go leor eile de na ráitis sa mhír seo, bhí dóchúlacht i bhfad níos mó ann go n-aontódh aoisghrúpaí níos sine (d'aontaigh 84% i measc daoine 65+ bliain d'aois), agus bhí na leibhéal aontaithe ab ísle i measc daoine 25-34 bliain d'aois (71%). Ba dhóchúla go n-aontódh náisiúnaigh neamh-Éireannacha (80 faoin gcéad) i gcomparáid (76% i gcás náisiúnaigh Éireannacha).


**18+**  **Insce/Aois/Náisiúntacht**

	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éirean-nach
<b>Éisteann na Gardaí i mo cheantar le buarthaí daoine áitiúla</b>										
Aontaím go tréan	4%	4%	6%	6%	7%	8%	9%	11%	8%	9%
Aontaím	69%	67%	68%	65%	68%	67%	66%	73%	68%	71%
Easaontaím	18%	21%	20%	23%	20%	21%	20%	13%	20%	16%
Easaontaím go tréan	5%	5%	6%	7%	5%	4%	5%	3%	5%	4%

### 5.15 Déileálann na Gardaí i mo cheantar leis na rudaí atá ina gceisteanna móra do dhaoine sa phobal áitiúil

**Arís eile, faoi mar a bhí i gceist le bearta roimhe seo, ba dhóchúla go n-aontóidís siúd 65 bliain agus níos sine, anuas ar náisiúnaigh neamh-Éireannacha go ndéileálann Gardaí le rudaí atá ina gceisteanna móra don phobal áitiúil.** Bhí dearcthaí fear go ndéileálann Gardaí le rudaí atá ina gceisteanna móra do phobail áitiúla beagán ní ba dhearfaí ná dearcthaí ban (leibhéal aontaithe 76% agus 72%, faoi seach), cé nár thoradh é seo lena mbaineann tábhacht staitistiúil. I measc na n-aoisghrúpaí, bhí na dearcthaí ba dhearfaí acu siúd 65 bliain agus níos sine (81%), agus bhí na dearcthaí ba lú b'fhabhraí acu siúd sna haoisghrúpaí láir (25-44 bliain), cé gurbh ionann leibhéal aontaithe agus 71 faoin gcéad, mar sin féin. Bhí tuairimí náisiúnach neamh-Éireannach ní ba dhearfaí ná tuairimí náisiúnach Éireannach (leibhéal aontaithe 79% in aghaidh 73%) – arís eile, ní bhaineann tábhacht staitistiúil leis seo.


**18+**  **Insce/Aois/Náisiúntacht**

	Fir	Mná	18-24	25-34	35-44	45-54	55-64	65+	Éire-an-nach	Neamh-Éirean-nach
<b>Déileálann na Gardaí i mo cheantar leis na rudaí atá ina gceisteanna móra do dhaoine sa phobal áitiúil</b>										
Aontaím go tréan	8%	8%	8%	5%	8%	7%	9%	11%	8%	8%
Aontaím	68%	64%	67%	66%	63%	64%	64%	70%	65%	71%
Easaontaím	19%	22%	19%	21%	23%	24%	20%	15%	21%	17%
Easaontaím go tréan	5%	6%	6%	8%	6%	5%	6%	4%	6%	4%



# Caibidil SÉIS

Íospartaigh  
na Coireachta



B'ionann an ráta  
íospartha i suirbhé  
2022 agus

**5.4%**



Ba é an ráta  
tuairiscithe  
íospartach

**83%**

Bhí 53% d'íospartaigh  
sásta maidir le conas a  
láimhseáil na Gardaí a  
gcás.

**53%**

**43%**

Bhraith 43% go raibh  
an t-eolas a fuarthas  
'ceart go leor'.


Fiosraítear dearchtaí íospartaigh na coireachta sa chaibidil seo. Fiosraítear conas a imríonn íospairt tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht, eagla roimh choireacht, iontaoibh as Gardaí agus dearchtaí i leith eagraíocht an Gharda Síochána, anuas ar ghnéithe de sholáthar seirbhíse an Gharda Síochána agus an bealach a mbíonn súil leis go gcaitheann Gardaí le daoine.

Mar sin, cad a thugann an suirbhé le fios dúinn? Imríonn íospartach tionchar diúltach ar thuairimí faoin bhfadhb náisiúnta agus áitiúil coireachta, agus ar leibhéil eagla roimh choireacht, a imríonn tionchar níos mó, ar a uain sin, ar chaighdeán na beatha ná mar a imrítear orthu siúd nárbh íospartach iad. De bhreis air sin, nuair a bhí íospartaigh na coireachta míshásta leis an tseirbhís a fhaigheann siad ón nGarda Síochána, d'imir seo tionchar díobhálach ar leibhéil iontaoibhe as Gardaí. Anuas air sin, d'imir íospairt tionchar diúltach ar thuairimí faoi conas a chaitheadh Gardaí leo i dtaobh meas agus cothroime.

## 6.1 Íospairt in Éirinn

Déanann Suirbhé an Gharda Síochána ar Dhearcadh an Phobail tomhas ar an gcéatadán daoine fásta 18 mbliana d'aois agus níos sine a bhí ina n-íospartaigh de choir amháin, ar a laghad, le 12 mhí dhéag anuas roimh an suirbhé (gan aird ar cé acu ar thug nó nár thug siad an choir le fios do na Gardaí). Tugtar an ráta íospartha air seo. B'ionann seo in 2022 agus 5.4 faoin gcéad (418 íospartach na coireachta, as 7,699 freagróir) – ráta atá níos ísle ná mar a bhí sé in 2021 (6.5%). Cuirtear próifíl iomlán dhéimeagrafach ar fáil in Aguisín 3 ar íospartaigh ó shuirbhé 2022. Ba iad na coireanna ba rialta a raibh íospartaigh thíos leo buirgléireacht (21%), díobháil choiriúil (19%) agus ionsaí (17%) (féach Fíor 48).


Fíor 47: Ráta Íospartha 2018-2022 (2020 as an áireamh)



\*2020 ar iarraidh de bharr Covid-19




**Fíor 48: An Choireacht ba Dhéanaí a Rabhtas Thíos leis le 12 Mhí anuas**



**6.1.1 Íospairt a thabhairt le fios do na Gardaí**

Thug 83 faoin gcéad d’fhreagróirí a bhí ina n-íospartaigh den choireacht in 2022 an choir ba dhéanaí a rinneadh orthu le fios do na Gardaí (81% in 2021) (féach Fíor 49). Ar na cúiseanna a luadh nár thug siad an choir a rinneadh orthu le fios bhí; ‘dhéileáil mé leis mé féin’ (37%), ‘bhraith mé nach bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi’ (25%), nó ‘ní raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain’ (17%) (féach Tábla 12).

**Fíor 49: Céatadán na nÍospartach a Thug a gCoir le Fios don Gharda Síochána**



\*2020 ar iarraidh de bharr Covid-19


**Tábla 12: Cúiseanna gan Coir a Thabhairt le Fios do na Gardaí**

Cúiseanna gan coir a thabhairt le fios	%
Dhéileáil mé féin leis	37%
Bhraith mé nach bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi	25%
Ní raibh an teagmhas tromchúiseach a dhóthain	17%
Thug mé le fios é d’údarás eile	16%
Cúis eile	10%
Bhraith mé nach ndéanfadh na Gardaí aon rud faoi	13%
Níor mhaith liom go mbeadh na Gardaí bainteach	4%
Eagla roimh bheart díoltais ón déantóir	2%
Ní gá éileamh árachais a dhéanamh	1%

**6.2 Seirbhís an Gharda Síochána d’Íospartaigh na Coireachta**

A fiafraíodh faoi leordhóthanacht na faisnéise a sholáthair Gardaí i ndiaidh a gcoire, bhraith 43 faoin gcéad go raibh seo ‘ceart go leor’ (8 bpointe céatadán níos ísle ná in 2021). Bhraith tríocha faoin gcéad go raibh sé ‘neamhleor’ (28% in 2021), agus thug 26 faoin gcéad le fios nár tugadh aon nuashonrú ar dhul chun cinn ar a n-imscrúdú (19% in 2021).

**Fíor 50: Faisnéis a Tugadh d’Íospartaigh**




Tar éis dúinn é seo a fhiosrú níos mó, áfach, tugaimid feabhsúcháin ar limistéir áirithe de sheirbhís an Gharda Síochána ó 2021 faoi deara - sonraí teagmhála an stáisiúin Gardaí (72%, i gcomparáid le 63% in 2021), uimhir theagmhas PULSE (47%, i gcomparáid le 30% in 2021), agus sonraí faoi línte cabhrach d’íospartaigh (41%, i gcomparáid le 34% in 2021) a fháil (féach Fíor 51).<sup>9</sup> I measc gnéithe eile de sheirbhís an Gharda Síochána, bhí:

<sup>9</sup> Faoi mar a bhí i gceist in 2021, áirítear le figiúirí 2022 freagraí ‘neamhbhainteach’

- Cheap 61% gur fhreagair na Gardaí go tapa don teagmhas (65% in 2021).
- Thug 71% le fios go bhfuair siad ainm an Gharda imscrúdaithe (69% in 2021).
- Thug 65% le fios go ndearnadh teagmháil ar an nguthán nó i bpearsan leo tar éis an teagmhais (rogha freagra a cuireadh leis in 2021) (66% in 2021).


**Fíor 51: Seirbhís an Gharda Síochána d'Íospartaigh na Coireachta 2018-2022 (2020 as an áireamh).**



### 6.2.1 Sásamh le seirbhís an Gharda Síochána i measc íospartaigh na coireachta

In 2022, bhí 53 faoin gcéad d'íospartaigh a thug a gcoir le fios sásta leis an mbealach a láimhseáil Gardaí an teagmhas ('an-sásta' agus 'sásta go leor') – 6 phointe céatadáin níos ísle ná in 2021.


**Fíor 52: Sásamh i measc Íospartaigh na Coireachta 2018-2022 (2020 as an áireamh)**



## 6.3 An imríonn íospairt, agus sásamh le seirbhís an Gharda Síochána, tionchar ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta agus áitiúil?

Nuair a scrúdaítear tionchar na híospartha ar thuairimí faoin gcoireacht náisiúnta, is féidir a fheiceáil ó fhíor 53 gur dhóchúla go gceapadh íospartaigh na coireachta gurbh fhadhb 'an-tromchúiseach' nó 'thromchúiseach' an choireacht náisiúnta (73%). De bhreis air sin, bhí dóchúlacht ní ba mhó ann fiú go mbeadh an dearcadh seo ag íospartaigh a bhí míshásta le seirbhís an Gharda Síochána (cheap 78% d'íospartaigh mhíshásta gur 'fadhb an-tromchúiseach' nó 'fadhb thromchúiseach' an choireacht náisiúnta).


**Fíor 53: Tuairimí faoin gCoireacht Náisiúnta de réir Sásamh Íospartach**



\* Ní fheictear seo sa chairt mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30

Ba dhóchúla gur cheap foriomlán na n-íospartach gur 'fadhb éigin' nó 'fadhb ar bith' an choireacht áitiúil (60%), agus cheap 40 faoin gcéad gur 'fadhb an-tromchúiseach' agus 'fadhb thromchúiseach' é i dteannta a chéile. Cheap tríocha a hocht faoin gcéad d'íospartaigh *mhíshásta* gur 'fadhb thromchúiseach' atá i gcoireacht áitiúil, i gcomparáid le 28 faoin gcéad d'íospartaigh shásta (féach Fíor 54).

**Fíor 54: Tuairimí faoin gCoireacht Áitiúil de réir Aoise**



\*Ní fheictear seo sa chart mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30.

### 6.4 An imríonn íospairt tionchar ar na tosaíochtaí póilíneachta a roghnaíodh?

Ba iad na tosaíochtaí póilíneachta d'íospartaigh na coireachta 'cionta gnéasacha,' 'drochíde sa teaghlach,' 'ionsaithe' agus 'gáinneáil ar dhaoine' (anuas ar airm neamhdhleathacha), agus bhí a mhacasamhail de dhearcthaí ag neamhíospartaigh na coireachta (féach Tábla 13).


**Tábla 13: Tosaíochtaí Póilíneachta de réir Íospartha**

	Íospartach na coireachta	Neamhíospartach na coireachta
Cionta gnéasacha	91%	88%
Drochíde sa Teaghlach	89%	86%
Gáinneáil ar dhaoine	86%	80%
Ionsaithe	85%	84%
Airm neamhdhleathacha	84%	80%
Cionta drugaí	79%	71%
Robálacha	78%	73%
Buirgléireacht	80%	75%
Coireacht Fuatha	76%	71%
Díobháil choiriúil	71%	68%
Calaois	70%	68%
Sábháilteacht ar Bhóithre	65%	58%
Cionta oird phoiblí	57%	54%
Cionta tráchta	43%	40%


### 6.5 An imríonn íospairt tionchar ar eagla roimh leibhéil choireachta?

D'imir íospairt tionchar diúltach ar leibhéil eagla roimh choireacht tríd is tríd. Bhí 'go leor eagla' nó 'eagla éigin' ar sheasca a haon faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta faoin gcoireacht, i gcomparáid le 36 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta. Ar an gcuma chéanna, ba dhóchúla go dtabharfadh neamhíospartaigh na coireachta le fios nár imir eagla roimh choireacht aon tionchar ar a gcaighdeán beatha (63%), i gcomparáid le híospartaigh na coireachta (32%) (féach Fíor 56).

**Fíor 55: Íospairt agus Eagla roimh Choireacht**



**Fíor 56: Íospairt agus Éifeacht na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán na Beatha**




\*Ní fheictear seo sa chart mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30.

## 6.6 An ndéanann íospairt agus sásamh le seirbhís an Gharda Síochána difear d'iontaoibh as an nGarda Síochána?

Faoi mar a mbeadh súil leis, agus faoi mar a tugadh faoi deara i mblianta roimhe seo, d'imir míshásamh leis an tseirbhís a fuarthas i measc íospartaigh na coireachta tionchar diúltach ar leibhéil iontaoibhe as an nGarda Síochána. Ach, ina ainneoin seo, thug 76 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta leibhéil idir ard agus meánach d'iontaoibh le fios. I measc íospartaigh mhíshásta, tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo anuas go dtí 37 faoin gcéad, a léirigh iontaoibh mheánach, agus thug 47 faoin gcéad iontaoibh íseal le fios (féach Fíor 57).

**Fíor 57: Ionntaoibh de réir Shaghas Sásaimh an Íospartaigh**




\*Ní fheictear seo sa chairt mar gheall go bhfuil líon na gceall 30

## 6.7 An imríonn íospairt tionchar ar shásamh le seirbhís an Gharda Síochána don phobal áitiúil?

Ba dhóchúla go mbeadh íospartaigh mhíshásta míshásta le seirbhís an Gharda Síochána go ginearálta dá bpobail áitiúla – 76 faoin gcéad, i gcomparáid le 43 faoin gcéad d'íospartaigh, ar an iomlán (féach Fíor 58).

**Fíor 58: Sásamh leis an tSeirbhís a sholáthraítear don Phobal Áitiúil de réir Shaghas an tSásaimh**




\*Ní fheictear seo sa chairt mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30

## 6.8 An imríonn íospairt tionchar ar thuairimí faoin nGarda Síochána?

D'imir bheith mar íospartach coireachta tionchar diúltach ar thuairimí faoin nGarda Síochána, i measc na limistéar go léir (féach Fíor 59). Bhí na difríochtaí an-suntasach maidir le limistéir na bainistíochta sa Gharda Síochána, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé nua-aimseartha agus céimnitheach (difríochtaí 21% agus 20%, faoi seach) (baineann tábhacht staitistiúil leis seo).

**Fíor 59: Íospairt de réir Tuairimí faoin nGarda Síochána**






## 6.9 An imríonn íospairt tionchar ar fheasacht ar phatról an Gharda Síochána/thuairimí faoi láithreach an Gharda Síochána?

Ar aon dul leis an tionchar diúltach a imríonn íospairt ar thuairimí faoi sholáthar seirbhíse an Gharda Síochána, tugtar faoi deara ó fhíor 60 nach raibh an dóchúlacht chéanna ann go raibh íospartaigh na coireachta feasach ar phatróil an Gharda Síochána (42% in aghaidh 46% i gcás neamhíospartach), agus ba dhóchúla gur cheap siad go raibh láithreach an Gharda Síochána ina gceantair áitiúla ‘neamhleor’ (69% in aghaidh 53% de neamhíospartaigh).


**Fíor 60: Íospairt de réir Feasachta ar Phatróil an Gharda Síochána agus Tuairimí faoi Láithreach**



## 6.10 Íospairt agus tionchar ar dhearcthaí faoi chomhionannas sa bhealach a chaitheann na Gardaí le daoine


Fiosraítear i bhFíoracha 61 (a agus b) conas a imríonn íospairt tionchar ar thuairimí faoi eagraíocht an Gharda Síochána. Is féidir a thabhairt faoi deara i measc na limistéar go léir go n-imrítear tionchar diúltach orthu seo i measc íospartaigh na coireachta. Mar shampla, bhraith 91 faoin gcéad de neamhíospartaigh na coireachta go gcaithfeadh na Gardaí leat le meas dá ndéanfá teagmháil leo ar chúis ar bith, i gcomparáid le 80 faoin gcéad d’íospartaigh na coireachta. Ar an gcuma chéanna, bhraith 77 faoin gcéad d’íospartaigh go n-éisteann Gardaí le buarthaí daoine áitiúla, i gcomparáid le 59 faoin gcéad díobh siúd a bhí ina n-íospartaigh den choireacht.

**Fíor 61 (a): Dearthaí faoi Chomhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine de réir Íospartha (Cuid 1)**



\*Ní fheictear seo sa chairt mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30.



**Fíor 61 (b): Dearthaí faoi Chomhionannas sa Bhealach a Chaitheann an Garda Síochána le Daoine de réir Íospartha (Cuid 2)**



\*Ní fheictear seo sa chairt mar gheall gurb ionann líon na gceall agus níos lú ná 30.

# Caibidil SEACHT

Sampla Daoine  
Óga






Tar éis go raibh sos sa tsraith in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid, cuirtear sampla daoine óga san áireamh arís eile sa Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail 2022 de chuid an Gharda Síochána. Faoi mar a luadh i gcaibidil a haon den tuarascáil seo, laghdaítear méid an tsampla mar gheall ar amfhráma laghdaithe oibre allamuigh i gcomparáid leis an tréimhse roimh 2020, nuair a rinneadh suirbhé bliantúil ar thart ar 600 duine 16 agus 17 mbliana d’aois. Tá 389 duine óg i gceist le suirbhé 2022. Beartaítear ó 2023 ar aghaidh go méadófar an sampla go dtí thart ar 1,000 duine 16 agus 17 mbliana d’aois, mar gheall go dtabharfar faoin obair allamuigh i gcaitheamh na 12 mhí den bhliain.





Is tábhachtach a chur san áireamh, anuas ar mhéid beag an tsampla in 2022, go bhfuil an sampla neamhualaithe (cosúil le blianta roimhe seo). Ba cheart caitheamh le torthaí, ar an ábhar sin, go cúramach, agus mar thorthaí táscacha amháin, nach dtugann ach spléachadh ar dhearcthaí. Dírionn anailís ar thorthaí ardleibhéil amháin. Ina ainneoin seo, meastar go bhfuil sé ríthábhachtach dearcthaí daoine 16 agus 17 mbliana d’aois a chur san áireamh chun go dtugtar glór don chohórt tábhachtach seo de shochaí na hÉireann maidir lena ndearcthaí i leith na coireachta, na póilíneachta in Éirinn agus an Gharda Síochána. Trí na dearcthaí seo a thabhairt le chéile, ceadaíonn sé dúinn limistéir a thuiscint ina bhféadfadh luath-idirghabháil a bheith riachtanach chun an tseirbhís a sholáthraímid do dhaoine óga a mhúnlú anois, de réir mar a dhruideann an aosacht leo. **Tabhair faoi deara: nuair a bhíonn tuiscint á baint as na táblaí agus na fíoracha sa chaibidil seo, beidh líon 30 nó níos lú ag aon chéatadán níos lú ná 8 faoin gcéad.**

## 7.1 Déimeagrafaic

In 2022, ní raibh an difríocht idir dáileadh fear/ban suntasach i measc an tsampla daoine óga (51% in aghaidh 49%), a bhí cosúil leis an sampla daoine fásta. B’Éireannaigh tromlach mór náisiúntacht an chohóirt seo (93%) (87% a bhí sa chomhréir i measc daoine fásta). Anuas air sin, bhí a mhacasamhail de dháiltí ann i measc an dá shampla i measc réigiún agus ceantar. Féach Tábla 14 chun teacht ar mhiondealú ar eolas déimeagrafach agus ceantair.

**Tábla 14: Próifíl an tSampla Daoine Óga 2022**

 Inscne		 Aicme Shóisialta		 Réigiún	
Fir	51%	AB	15%	Baile Átha Cliath	25%
Baineann	49%	C1	33%	Laighin (gan Baile Átha Cliath a áireamh)	25%
		C2	27%	Mumha	29%
		DE	23%	Connachta nó Ulaidh	20%
		F	3%		


 Limistéar		 Náisiúntacht		 Eitneacht		 Creideamh	
Cathair	20%	Éire	93%	Éireannach Geal	89%	Caitliceach Rómhánach	76%
Uirbeach Eile	44%	RA	1%	Duine Geal Eile	6%	Críostaí Eile	5%
Ceantair Thuaithe	37%	Polannach	2%	Afracach + Duine Gorm Eile	1%	Eaglais na hÉireann	5%
		Indiach	1%	Síneach + Áiseach Eile	2%	Ioslamachas	1%
		An Liotuáin	1%	Eile	2%	Eile	1%
		Eile	3%			Creideamh ar bith	8%
						Diúltaithe	5%

## 7.2 Tuairimí Daoine Óga faoin gCoireacht in Éirinn agus Tosaíochtaí Póilíneachta

### 7.2.1 Tuairimí faoin gCoireacht

Faoi mar a bhí i gceist leis an sampla daoine fásta, cheap formhór na ndaoine óga ar a ndearnadh suirbhé gur fadhb níos mó an choireacht náisiúnta ná an choireacht áitiúil (cheap 64% gur fadhb 'an-tromchúiseach' nó 'tromchúiseach' an choireacht náisiúnta, i gcomparáid le 16% faoin gcéad maidir le coireacht áitiúil). Cheap tríocha a trí faoin gcéad d'fhreagróirí gur 'fadhb éigin' an choireacht áitiúil, agus cheap 52 faoin gcéad d'fhreagróirí gur 'fadhb ar bith' é (45% i measc daoine fásta) (féach Fíor 62).

Fíor 62: Tuairimí faoi Thromchúis na Coireachta Náisiúnta agus Áitiúla



## 7.2.2 Tosaíochtaí Póilíneachta do Dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois

Il dtaobh na dtosaíochtaí póilíneachta ar cheart don Gharda Síochána díriú orthu, b'ionann dearcthaí daoine 16 agus 17 mbliana d'aois agus dearcthaí iad siúd den sampla daoine fásta. Ceapadh gurbh iad cionta gnéasacha, drochíde sa teaghlach agus gáinneáil ar dhaoine na rudaí ar cheart céadtús áite a thabhairt dóibh. I measc na limistéar ina raibh difríocht, mar shampla, bhí an céatadán daoine óga a rangaigh buirgléireachtaí, robálacha agus calaois mar na rudaí a dtugann siad a gcéadtús áite dóibh (69%, 69% agus 59% faoi seach). B'ionann na céatadán seo sa sampla daoine fásta agus 79 faoin gcéad, 78 faoin gcéad agus 70 faoin gcéad, faoi seach, a thugann le fios go gcuireann daoine fásta béim níos mó ar choireacht réadmhaoine agus ar chalaos ná a chuireann daoine óga (féach Tábla 15)..

**Tábla 15: Tosaíochtaí Póilíneachta don Gharda Síochána i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois**

Tosaíochtaí Póilíneachta	Ard-tosaíocht	Meán-tosaíocht	Íseal-tosaíocht
Cionta Gnéasacha	91%	6%	3%
Drochíde sa Teaghlach	88%	9%	3%
Gáinneáil ar Dhaoine	86%	9%	6%
Ionsaithe	81%	15%	4%
Airm Neamhdhleathacha	83%	12%	6%
Buirgléireacht	69%	26%	4%
Cionta Drugaí	75%	19%	6%
Robálacha	69%	28%	4%
Coireacht Fuatha	71%	22%	7%
Díobháil Choiriúil	67%	27%	6%
Calaois	59%	33%	8%
Sábháilteacht ar Bhóithre	59%	33%	9%
Cionta Oird Phoiblí	46%	40%	14%
Cionta Tráchtá	39%	42%	19%


## 7.3 Buairt faoi Íospairt agus Eagla roimh Choireacht

### 7.3.1 Dóchúlacht bhraite na híospartha i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois

Ní bhíonn buairt ar chomhréir níos mó de dhaoine óga fúthu féin (56%), nó faoi dhuine a gcónaíonn siad leo (57%), nó de dhaoine fásta (49% agus 46%, faoi seach) go ndéanfar íospartaigh na coireachta díobh, nuair a chuirtear i gcomparáid iad leis an sampla daoine fásta (49% agus 46%, faoi seach). Bíonn fiche a cúig faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana buartha



faoi dhuine lena gcónaíonn siad go ndéanfar íospairt orthu (díobháil phearsanta, goid réadmhaoine nó díobháil nó cibearchoireacht) - 30 faoin gcéad sa sampla daoine fásta. Bíonn níos lú daoine óga buartha faoi ghoid nó díobháil réadmhaoine ina measc féin (5%), i leith duine a gcónaíonn siad leo (4%), i gcomparáid leis an sampla daoine fásta (15% agus 12%, faoi seach) (féach Tábla 63).

**Fíor 63: Dóchúlacht Bhraite na híospartha i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois**



### 7.3.2 Eagla roimh an leibhéal coireachta in Éirinn agus tionchar na heagla seo ar chaighdeán na beatha


Faoi mar a thugtar chun solais i bhFíor 64, ba lú eagla faoin gcoireacht a bhí ar dhaoine níos óige i suirbhé 2022 ná sa sampla daoine fásta (thug 83% le fios go raibh 'fíorbheagán eagla' nó 'eagla ar bith' orthu, i gcomparáid le 63% de dhaoine fásta). Ar an gcuma chéanna, thug 16 faoin gcéad de dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois le fios go raibh 'eagla éigin' orthu, i gcomparáid le 29 faoin gcéad ina measc siúd 18 mbliana agus níos sine. I dtaobh conas a imríonn eagla tionchar ar chaighdeán na beatha, thug 69 faoin gcéad de dhaoine óga le fios gur imir sé tionchar ar bith (58% i measc daoine fásta), agus thug 30 faoin gcéad le fios gur laghdaigh eagla roimh choireacht caighdeán na beatha 'beagán' nó 'go measartha' (36% i measc daoine fásta) (féach Fíor 65).

**Fíor 64: Eagla roimh Choireacht i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois****Fíor 65: Tionchar na hEagla roimh Choireacht ar Chaighdeán Beatha Daoine 16 agus 17 mbliana d'Aois**

## 7.4 Sásamh le hiontaoibh as an nGarda Síochána


### 7.4.1 Sásamh le seirbhís an Gharda Síochána do phobail áitiúla i measc daoine 16 agus 17 mbliana d'aois

